

PLÉARÁCA '10

Foilsithe ag Pléaráca Teo ar ócáid na Féile

€4



Clár na Féile

'An Temporary'

Cabaret Craiceáilte

Na Cluichí Pobail

Scéalta ó Sydney

Rath Cairn 75

CIC 25

Siollabas Nua

Gaeilge

Scoileanna Éigse

& Seanchais

COCHAILL AGUS T-LÉINTE PLÉARÁCA 2010

COCHAILL: €30. T-LÉINTE €10-€15



Cumann Peile na bPiarsaigh

Ros Muc



Bunaíodh Club na bPiarsaigh sa bhlian 1959

Gach rath ar Féile Phléaráca 2010

CUMANN PEILE NA bPIARSAIGH
1959-2010

R-phost: cumannpeilenabpiarsaigh@gmail.com
Suíomh: www.cumannpeilenabpiarsaigh.ie

Clár na hIrise

- 2 Eagarfhocal
- 4 Na Scoileanna Éigse & Seanachais
- 9 Cló Iar-Chonnacht
- 10 Sean grianghraifeanna (& Ich. 32)
- 12 Rath Cairn 75
- 14 Siollabas a chodail amuigh
- 18 Clár na Féile
- 20 Imeachtaí na féile
- 23 Craiceáilte i gConamara
- 24 Imeachtaí don Óige
- 25 'Tá mé an-mhór le Mamó & Daideo'
- 26 An Temporary
- 29 Filíocht
- 30 Cluichí Pobail i gConamara
- 34 An Clár Litríocht & Drámaíocht
- 37 Scéalta ó Sydney

An Clúdach:
Pic ó: Caitríona Ní Chonaola
Bridín Sheáin Bhridie Johnny. Bí ag faire amach di seo i rith na féile.

Buíochas

Eagarthóir:
Peigí Ní Chonghaile

Fógraíocht:
Anna Ní Fhlatharta

Buíochas:
Tá an t-eagarthóir buíoch do na daoine seo a scríobh píosaí don iris agus a thug pictiúir:

Donncha Ó hÉallaithe
Máire Ní Fhinneadha
Meta Uí Mháille
Síle Ní Scanláin
Máirín Mhic Lochlainn
Pádraig Mac Craith
Bridget Breathnach
Máirtín Tom Bán
Breathnach
Béaloidas Chois Fharraige

Buíochas do:
Mhairéad Ní Chonaire a rinne an leagan amach shlachtmhar ar an iris,
Caomhán Ó Scoláí a rinne an postaer agus clár na féile,
Micheál Ó Braonáin agus foireann Chlódoirí Lurgan.

Sí an t-eagarthóir atá freagrach as aon bhotún. Ní gá gur ionann tuairimí atá nochtaithe anseo agus tuairimí Phléaráca Teo.

Táimid fíor bhuíoch do na fógróirí. Is fiú tacaíocht a thabhairt dóibh.

Coiste Oibre na Féile:
Gearóid Ó Murchú
Rosaleen Ní Shúilleabháin
Máirín Mhic Lochlainn
Micheál Ó Flatharta
Máirtín Ó Cadhain
Darach Ó Tuairisg
Tadhg Mac Dhonnagáin
Turlough O Connor
Gearóid Ó Fátharta
Micheál Ó Foighil
Majella Ní Chríocháin

Máire Ní Chualáin
Anna Ní Fhlatharta
Máire Áine Ní Mháille
Peigí Ní Chonghaile
Deirdre Nic Dhonncha
Máire Treasa Ní Cheallaigh & Coiste Phléaráca Teo.

Buíochas do mhúinteoirí & do dhaltaí S.N. Cholmcille na Tulaigh, Scoil Náisiunta Shailearna agus Coláiste Cholmcille.

Buíochas do na daoine seo leanas a rinne obair dúinn:
Ristead Mac Aodh
Bernie Seoige
Hedigg Gotthalseder
Siopa an Phobail
Coláiste Lurgan
Seanscoil Sailearna
Cumann Forbartha Chois Fharraige
Rónán Mac Aodha Bhuí
Mairéad Ní Chualáin
Donncha Ó hÉallaithe
Rónán Ó hEidhin

Buíochas do na ceoltóirí, bannaí ceoil, filí, teagascóirí, D.J., amhránaithe, damhsóirí, lucht ceardaíochta & físe, áisitheoirí, na fir & mná tí ar na h-imeachtaí.

Buíochas do Raidió na Gaeltachta as ucht a gcúnamh le poiblíocht.

Buíochas Urraithe na Féile:
Comhairle Contae na Gaillimhe,
Coiste Ghlor na nGael,
Paróiste an Chnoic.



Glór na nGael
Coiste Forbartha
Paróiste an Chnoic



Bhuel tá an-ríméad ar chuile dhuine a bhfuil baint acu leis an bhféile Pléaráca 2010 seo go bhfuil sé ag tarlú sa deireadh thiar thall. Bhí éiginnteacht mór ann ó thús na bliana an bhféadfaí a dhul ar aghaidh le féile i mbliana mar go raibh agus go bhfuil ceist ann faoi mhaoiniú na féile ó Ealaín na Gaeltachta. Ó bunaíodh an fhéile Pléaráca i 1991 is ó Údarás na Gaeltachta agus ina dhiaidh sin ó Ealaín na Gaeltachta (fo-chomhlacht den Údarás comhghaoinithe ag an Údarás agus An Chomhairle Ealaíon) a fritheadh príomhghaoiniú don fhéile.

Ag an tráth a bhfuiltear ag scríobh an eagarthocail seo, níl aon scéal tagtha ó Ealaín na Gaeltachta maidir le maoiniú don fhéile ná d'aon réimse eile den chlár ealaíona a chuireann Pléaráca i bhfeidhim i rith na bliana. Sé an t-údar leis seo nach bhfuil Roinn na Gaeltachta ag cur Ealaín na Gaeltachta ar an eolas faoi cén maoiniú atá siad a thabhairt dóibh don bhliain seo. Tá a gcuid airgid geallta ag An gComhairle Ealaíon do Ealaín na Gaeltachta ach níl siad chun é a íoc amach go bhfeicfidh siad an comhghaoiniú ó Roinn na Gaeltachta.

Tá an mhoill seo maidir le maoiniú na n-ealaíon sa nGaeltacht an-aisteach. Má tá eagraíocht stáit ar nós An

Chomhairle Ealaíon in-ann a rá ag tús na bliana go bhfuil siad ag cur ciste áirithe ar fáil cén fáth nach bhfuil ar chumas Roinn na Gaeltachta an rud céanna a dhéanamh. An é nach bhfuil an t-airgead acu? Más sin é an scéal, abraíodh siad é sin agus ná bíodh siad ag coinneáil eagraíochtaí agus coistí ag faire amach don mhaoiniú seo a bhídís a fháil go rialta roimhe seo.

Tá go leor féilte agus ócáidí gaeltachta curtha siar nó ar ceal mar nach bhfuil a lucht eagraithe in ann a rá an bhfuil aon bhuisead acu. Shocraigh coiste Phléaráca dul ar aghaidh agus an fhéile a eagrú i mbliana sa gCnoc i gCois Fharraige agus iarracht a dhéanamh costais a choinneáil chomh híseal agus is féidir. Bhí roinnt airgid fanta sa gciste ó fhéile na bliana seo caite agus táimid fíorbhuíoch do Choiste Ghlór na nGael, Paróiste an Chnoic a thug tacaíocht airgid dúinn.

Tá clár bríomhar éagsúil againn agus súil againn go mbainfidh chuile dhuine a dhéanfas freastal ar na himeachtaí sásamh astu.

Ceist mhór eile atá ag dó na geirbe do Phléaráca i mbliana ná an athstruchtúradh ar eagraíochtaí forbartha pobail ar chuir an tAire Éamon Ó Cuív tús leis sular athraíodh a chúraim go dtí an Roinn

Coimirce Shóisialaigh. Ag deireadh 2009 cuireadh críoch leis an gClár CDP (Community Development Programme) faoina raibh Pléaráca Teo. dá mhaoiniú ó 1997. Seo clár náisiúnta agus tá pobail ar fud na tíre ag fulaingt de bharr eagraíochtaí a bhí maoinithe faoin CDP a bheith dá ndúnadh.

Dúirt an tAire le Pléaráca go mbeifí ag tabhairt na heagraíochta isteach faoina struchtúir nua forbartha pobail a mhol sé féin do na ceantair Ghaeltachta. Níl éinne soiléir faoi na struchtúir nua seo. Níl Pléaráca ag iarraidh teacht isteach faoi bhráid aon chomhlacht ná cumann forbartha eile. De bhrí gur eagraíocht muid a chuireann na healaíona chun cinn agus go bhfuil muid ag obair le pobail ar fud Chonamara agus Árann, níl aon chiall le go mbeadh muid curtha isteach faoi eagraíocht forbartha áitiúil.

Chuir muid ár gcás ós comhair an Aire Éamon Ó Cuív agus tá muid ag déanamh an rud céanna leis an Aire nua Gaeltachta Pat Carey. Tá súil againn go nglacfaidh an tAire lenár n-argóint agus faoi dheireadh na bliana, nuair atá na struchtúir nua ceaptha teacht i bhfeidhim, go mbeidh Pléaráca fós ann ag cothú na n-ealaíon mar eagraíocht neamhspleách.

20 cúis gur chóir Pléaráca a fhágáil ina heagraíocht ealaíon phobail neamhspleách:

1. An tacaíocht láidir a léirigh pobal agus ealaíontóirí Chonamara don eagraíocht ag an gcruinniú poiblí ar an gCeathrú Rua ar an 28 Eanáir 2010.
2. An **Fhéile Pléaráca Chonamara** a reachtáiltear go bliantúil ó 1991
3. An **Iris 'Pléaráca'** atá foilsithe go rialta ó 1991
4. An Comórtas **Damhsa ar an Sean-nós** a eagraítear mar chuid den fhéile gach bliain
5. An clár drámaíochta **Réaltóga** a eagraíonn Pléaráca sna bunscoileanna chuile bhliain.
6. An **Ciorcal Litríochta don Óige** a eagraíonn Pléaráca sna bunscoileanna agus sna hiarbhunscoileanna chuile bhliain.
7. An fhéile litríochta don óige **Fuint Focal** a eagraítear gach Earrach
8. An scéim léitheoireachta **Beartla Broc** a chothaíonn léamh na Gaeilge i measc páistí óga.
9. An fhéile leabhar **Bricíní** a eagraítear chuile dhara bliain i Seanscoil Sailearna, Indreabhán.
10. Na **Campaí Samhraidh** a eagraítear i Rosmuc gach mí Iúil.
11. Na **Ceardlanna Péintéireachta** a eagraítear i Rosmuc chuile Fhómhar/Geimhreadh
12. An **Ceardlann Caoladóireachta** a eagraítear gach Earrach agus a mbíonn
13. Na seirbhísí fotócóipeála, facs, leabharlainne agus cybercaifé a chuirtear ar fáil don phobal.
14. An tacaíocht a thugann Pléaráca do choistí eile i Rosmuc – Coiste Cólín Sheáin Dharach, Coiste Féile Curachaí. I mbliana tugadh tacaíocht do Chomórtas Peile na Gaeltachta agus do Cheiliúradh 75 Bliain Ghairmscoil na bPiarsach.
15. Oscailteacht na heagraíochta, an cruinniú cinnbhliana oscailte agus na cuntais cinnbhliana a chuirtear ós comhair an phobail gach bliain.
16. An Bord Stiúrtha deonach a thugann a gcuid ama in aisce, tá cuid de na stiúrthóirí ar an mbord ó bunaíodh an eagraíocht i 1991.
17. An chaidreamh agus an comhoibriú atá cruthaithe ag Pléaráca le ealaíontóirí ar fud Chonamara agus ar fud na tíre.
18. An chaidreamh atá cruthaithe thar na mblianta le pobal Nis ar Oileán Leodhais na h-Alban.
19. An comhoibriú atá bunaithe le hOifig Ealaíne Ealaín na Gaeltachta, na Comhairle Contae agus Na Comhairle Ealaíon.
20. An gá atá ann go mbeadh eagraíocht forbartha do na healaíon i gConamara a chuireann luach ar chultúr, thraidisiún agus teanga na muinteartha.

NA SCOILEANNA ÉISGE AGUS SEANCHAIS

Is dóigh go mbeadh sé ffor a rá go raibh baint a bheag nó a mhór ag na Scoileanna Éigse agus Seanchais leis an athrú ó litríocht an bhéil bheo go dtí litríocht an phínn agus na léitheoireachta.

Coiste Gairmoideachais Chontae na Gaillimhe a bhunaigh na scoileanna seo i 1956, chun deis a thabhairt do scríbhneoirí dul i mbun pínn; agus ó tharla go mbíodh an teacht le chéile sna tithe go minic, nó sna scoileanna, ní bhíodh an oiread céanna drogaill ar dhaoine dul chucu agus a bheadh orthu dul go áit fhoirmeálta ar nós leabharlainne, mar shampla.

Tá sé aisteach nár tugadh agus nach dtugtar morán aitheantais do na duaiseanna a bhuaigh daoine i gcomórtais na Scoileanna Éigse agus Seanchais. Sampla amháin de seo, ná nach bhfuil aon tagairt déanta dóibh in aon réamhrá a déanadh ar shaothair Joe Steve Ó Neachtain, cé go gceapann Joe féin go raibh tábhacht leo ina shaol scríbhneoireachta. Nuair a bhí mé ag cur in iúl dó, i 2007 go raibh mé ag scríobh tráchtas ar a cheird mar dhrámadaóir, dúirt sé liom *marach na Scoileanna Éigse agus Seanchais ní bheadh*

a fhios agam go raibh mé in ann scríobh ar chor ar bith. Thug mé faoi deara nach luaitear na SE&S i saothar Chóil Learaí Ó Finneadha ach an oiread, cé go luaitear ina chnuasach *Filíocht agus Feannadh* go bhfuair sé duais ar *Agallamh an Stróinse*. Ní deirtear ach *Agallamh beirte é seo ar bhain an file agus Norita Ní Chartúir duais amach air i gCorr na Móna*. Is amhlaigh atá leis an agallamh idir *Maggie agus An Seanleaid...ar bhain an bheirt chéanna duais leis i gCarna*. Is ag Ollchruinnithe na Scoileanna Éigse agus Seanchais a fuair siad na duaiseanna seo.

Bhíodh muintir Achréidh na Gaillimhe, mar a thugann muid i gConamara ar an gceantar taobh thoir de chathair na gTreabh, an áit a dtéadh siad ag spailpínteacht fadó, páirteach sna scoileanna éigse agus seanchais. Ar na bailte a bhíodh páirteach bhí Baile Chláir na Gaillimhe; Anach Duain; Orán Mór agus Tamhain. Ar na bailte a bhíodh páirteach sna scoileanna taobh thiar don Choirib, bhí Na hAille; Ros a' Mhíl/An Tulach; An Cheathrú Rua; Tír 'n Fhia; Ros Muc; Carna; Corr na Móna agus Maigh Cuilinn.



Máirín Mhic Lochlainn

Bhí sé den ádh orm gur ar mo chrann a thit sé na seanthaifid ó ollchruinnithe na Scoileanna Éigse agus Seanchais a aistriú ó sheantéipeanna go dtí dlúthdhioscaí sna blianta 2002 -2005, do Theanglann Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, agus atá anois faoi chúram na Cártaíne ansin. Bhí athrú mór le tabhairt faoi deara ar chomórtais na n-ollchruinnithe i rith na mblianta. Mar shampla i 1957 (an chéad Ollchruinniú ar a dearnadh taifead) i nGairmscoil an Phiarsaigh i Ros Muc, ba iad lucht na ngearrscéal, na n-agallamh beirte agus na díospóireachta a bhí san iomaíocht. Dán amháin a taifeadadh, an dán fada *Aithrígh an Pheacaigh* le Joe Shéamuis Sheáin Ó Donnacha, nó File Bhaile na mBroghach mar bh'fhearr

aithne air. De réir mar a bhí na blianta ag imeacht bhí méadú ag teacht ar líon na ndán, agus laghdú ag teacht ar líon na ngearrscéal. Ní h-é amháin go dtáinig laghdú ar líon na ngearrscéal, ach gearradh siar an méid ama a bhíodh ag na h-údair lena scéal a inseacht, agus bé a rinne go leor acu, ná gan ach cuid den scéal a inseacht.

D'fhéadfaí a rá gur athrú mór é seo, mar roimhe sin á fhaideacht á mbíodh scéal b'amhlaigh a b'fhearr an seanchaí. Ach caithfear cuimhniú go raibh an saol ag athrú sna seascaidí, mar go raibh aibhléis i go leor tithe, raidió i mbeagnach gach teach, agus méadú ag teacht ar an líon tithe a raibh an teilifís acu. An toradh a bhí ar seo, ná go raibh ré na seanchaithe ag imeacht, agus laghdú ag teacht ar na h-oícheanta arneáin agus scéalaíochta.

Bhí a gcaitheamh aimsire féin ag gach teaghlach istigh i gcúinne a dtigh féin anois, agus solas maith acu leis an bpáipéar nuachta nó leabhar a léamh. Cuireadh deireadh le Comórtas Díospóireachta na SE&S i 1971. Comórtas a bhí ann ón tús ina mbronntaí dhá dhuais, ceann ar dhuine a bhíodh ar shon an rúin, agus ceann ar dhuine a bhíodh ina choinne.

Le h-imeacht ama tháinig athrú ar leagan amach na n-ollchruinnithe, agus faoin mbliain 1965 bhí comórtas ann don Bhailéad Nua-

Cheaptha, agus sna blianta 1971-1973, bhí comórtas ann do Bhailéad Staire Nua-Cheaptha. Rinneadh suas an comórtas Filíochta, le comórtas amháin do mheadracht agus comórtas eile do shaor-véarsaíocht. Bhí an tAgallamh Beirte ar cheann de phríomh imeachtaí na scol ó thús ama agus b'amhlaidh a bhí go dtáinig deireadh leo. Ach, an méadú ba shuntasáí ar fad ná an méadú a tháinig ar líon na ndaoine óga a ghlac páirt, go háirithe i gcomórtais na n-agallamh beirte, agus sa gcomórtas filíochta a bheag nó mhór. Le h-imeacht ama freisin ghlac mná páirt sna comórtais, rud nach raibh amhlaigh ag an tús. Ar ndóigh tháinig athrú ar chúrsaí fuaime freisin ó bheith ag taifeadadh ar shean-téipeanna seacht n-orlaí go dtí fístéipeanna a dhéanadh le ceamara.

Thosaíodh chuile ollchruinniú le *Fógra Féile*, a bhíodh cumtha ag duine de bhaird na scoile a bhí ag reachtáil an ollchruinnithe an bhliain áirithe sin, ag cur fáilte roimh an dream a thagadh óna Scoileanna Éigse eile ar fud an chontae. Amannta léadh an file féin an *Fógra Féile*, agus amannta eile b'é fear a' tí a léadh é. B'é fear a' tí a chuireadh na filí, na scéalaíthe, lucht na n-agallamh beirte, na mbailéad agus ná díospóireachta i láthair an tslua. B'é a chuireadh in aithne na moltóirí freisin.

Sul a gcríochnóidh mé tá cupla duine a chaithfidh mé a lua mar go raibh baint mhór acu le h-imeachtaí na Scoileanna Éigse agus Seanchais, agus siad sin Oilibhéar Ó hEidhinn nach maireann a bhí ina Phríomhoifigeach ar Choiste Chairmoideachais an Chondae a thugadh oráid ghonta ag tús na h-imeachta, ar feadh na mblianta. B'é an tOllamh Liam Ó Buachalla, Ollamh le Eacnamaíocht i gColáiste na hOllscoile Gaillimh a rinne na chéad thaifid do imeachtaí na Scol, agus ba iad Seán Mac Íomhair agus Patsy Nic Fhlannchadha ón dTeanglann san Ollscoil a rinne na taifid eile, cés moite de bhliain a ndearna Mr. Nash an taifeadadh. Sna blianta deireannacha d'imeachtaí na Scol bhíodh an Dochtúir Cáit Ní Dhómhnaill ó Roinn na Gaeilge san Ollscoil i mbun moltóireachta i dteannta An Ath. Eric Mac Fhinn agus ionadaí ón gCoiste Gairmoideachais.

Céad sláinte leis na Scoileanna Éigse
Ba mhaith ann iad sna laethanta d'imigh
Is iomaí File, Scéalaí, Bard is uile
Nach gcloisfí fúthu marach na hOllchruinnithe.

Nach mbeadh sé go deas agus go maith dona healaíona á mbeadh a leithéidí arís ann?

**Máirín Mhic Lochlainn,
Márta, 2010.**

T. Ó Máille Teo

Ros Muc 091-574101

Grósaer, Crua-earraí,

Soláthraí Tógálaithe Éadathóireacht



Gach rath ar obair Phléaráca ar feadh na bliana

Bank of Ireland



CALOR GAS

POST




Tomás O'Hare & Associates
Industrial-Manufacturing Consultant Engineers

- Feabhsú gnó & próiseais (Engineering & process improvement)
- Sláinte & sábháilteacht san áit oibre (Health & Safety)
- Iniúchóireacht Caighdeán & Innealtóireachta (Quality & Engineering Audits).
- Bog-earra ríomhaireachta (Software for ISO 9001, ISO 17025, SPC and process simulation)

Flexsim Simulation Software



PARADIGM SOFTWARE



Smachtú próiseais

Cill Bhriocáin,
Rosmuc, Co. na Gaillimhe.
www.toh.ie
info@toh.ie

Orchard View, Cullentra,
Longwood, Co. na Mí.
Fón: 046-9555885
Facs: 046-9555886

Tigh Joe Mac

Cill Rónáin, Inis Mór
Ceol, Craic & Bia

Fón: 099-61248

Tigh Mhicí

An Cheathrú Rua
Co. na Gaillimhe

Fón: 091-595110

Grósaer Trádálaí agus Búistéir
Fíor Gas

Máire Seoige

Ros Muc

Leaba & Bricfeasta
Loistín

091-574147



MIANAIGH GHLEANN GABHLA

Uachtar Ard, Co. na Gaillimhe.
Teil: 091-552360/552021
glengowlamines@eircom.net
www.glengowlamines.com

**Seanmhianach Luaidhe
agus Airgid ón 19ú haois**
Turais faoi thalamh le treorai/
siúlóidí nádúir



Tí Mholly

**SCOTH AN PHIONTA
TOGHA AN CHOMHLUADAIR**

FÓN: 087 2704590 (CIAN)



Gach rath ar Fhéile Phléaráca 2010

Cló Iar-Chonnacht
Indreabhán, Co. na Gaillimhe
Teic 091-593307 cl@ic.ie www.cic.ie



**MICHEÁL BREATHNACH:
SCRIBHINNÍ**

Scríbhinní Mhíchíl Bhreathnach i gcló arís. Tá scríbhneoireacht taitéil, iriseoireacht, tráchtáireacht ar an bpolaifíocht agus ar an litríocht, cuimhní cinn, cumadóireacht agus filíocht sa leabhar, chomh maith le scéal a bheatha.

SALANN GARBH
Joe Steve Ó Neachtain

Cnuasach pearsanta, machnamhach gearrscéalta le Joe Steve, a tháinig i ngleic le fadhbanna sóisialta mar fhóiréigean teaghlaigh, creideamh agus uinéireacht talún.



Rogha leathan leabhar ar an suíomh www.cic.ie

Tigh Chualáin

Coill Rua Thoir,
Spidéal,
Co. na Gaillimhe
Fón: 091-553609
Faics: 091-553049]



Gach rath ar an fhéile 2010

Cló Iar-Chonnacht

Cló Iar-Chonnacht



I mbliana tá Cló Iar-Chonnacht ag ceiliúradh chúig bhliana fichead a mbunaithe. Cuireann Bridget Breathnach síos ar scéal na comhlachta.

Sa bhliain 1985 a bunaíodh Cló Iar-Chonnacht (CIC) agus tá os cionn trí chéad leabhar foilsithe agus céad caoga albam eisithe acu ó shin. Is ag ceiliúradh cúig bliana fichead ar an bhfód i mbliana atá siad agus beidh sraith imeachtaí á eagrú ar feadh na bliana mar chuid den cheiliúradh sin.

Is é Micheál Ó Conghaile, as Inis Treabhair ó dhúchas, a bhunaigh an comhlacht agus é fós ina mhac léinn ollscoile. Scríbhneoir bisiúil is ea Ó Conghaile agus bronnadh iliomad duaiseanna is gradam air as a chuid scríbhneoireachta. Ainmníodh an t-úrscéal 'Sna Fir' ar ghearrliosta Dhuais Liteartha an *Irish Times* sa bhliain 2001, bronnadh Duais Liteartha Butler air i 1997 agus sa bhliain chéanna bhuaigh sé Gradam Liteartha Hennessy don ghearrscéal 'Athair.'

Tá aithne air freisin as a chuid oibre mar dhrámadóir. D'aistrigh sé tríológ an Lónáin de chuid Martin McDonagh go Gaeilge agus tá drámaí fada dá chuid fhéin scríofa aige (dráma buacach *Cúigear Chonamara* san áireamh) a léirigh Taibhdhearc na Gaillimhe.

Ón tús ba í an fhís a bhí ag Ó Conghaile ná teach foilsitheoireachta a bhunú a



Micheál Ó Conghaile

bheadh mar chaomhnóir agus mar phátrún ar chultúr na Gaeltachta agus ar an nGaeilge. Is é an aidhm atá ag CIC ná spreagadh agus tacaíocht a thabhairt do cheoltóirí agus scríbhneoirí agus aird náisiúnta agus idirnáisiúnta a bhaint amach dá gcuid saothar.

Foilsíonn CIC réimse leathan litríochta: cnuasaigh filíochta, gearrscéalta agus amhráin, ficsean do dhéagóirí, úrscéalta, leabhair do pháistí, neamhfhicsean agus leabhair staire. Tá roinnt leabhar i mBéarla foilsithe ag CIC, aistriúcháin ar litríocht thábhachtach i nGaeilge a bhformhór, agus d'fhoilsigh siad roinnt leabhar dátheangach freisin. Tá go leor de na saothair seo le fáil ar téip mar chuid den sraith 'An Beal Beo.'

Ó thaobh an cheoil de ba é an chéad aidhm a bhí ag CIC ná ceoltóirí as Conamara a thaifeadadh, go háirithe amhránaithe ar an sean-nós, ach tá fás tagtha ar an aidhm sin ó shin agus seánraí eile ceoil tugtha san áireamh. Ina measc

tá ceol ar an sean-nós ó cheann ceann na tíre, ceol Cajun, ceol tíre agus ceol as Ceap Breatain.

D'fhoilsigh CIC dhá dhlúthdhiosca ar a bhfuil scoth an cheoil le cloisteáil, *Ceiliúradh* rogha de cheol a eisíodh idir 1985-1995 agus *Caise Ceoil*, a foilsíodh sa bhliain 2000, ar a bhfuil scoth an cheoil ó 1995-2000. Tá scoth na litríochta a foilsíodh le CIC ó 1985-1995 le fáil sa leabhar *Sláinte* a foilsíodh sa bhliain 1995.

Sa bhliain 2009 tháinig fás ar an gcomhlacht leis na hinphriontaí aitheanta Sáirséal • Ó Marcaigh agus An Clóchomhar tógtha ar láimh. Is iad Sáirséal • Ó Marcaigh a d'fhoilsigh clasaicigh ar nós *Cré na Cille* le Máirtín Ó Cadhain, filíocht Sheáin Uí Riordáin, agus Mháire Mhac an tSaoi. Beidh Cló Iar-Chonnacht i mbun díol agus bainistiú an stoic atá fágtha ag na comhlachtaí seo agus athfhoilsiú roinnt de na clasaicigh móra. Leanfar le leabhair nua a fhoilsiú faoi inphrionta An Chlóchomhair.

Bridget Breathnach

Tá tuilleadh eolais faoi Chló Iar-Chonnacht le fáil ag www.cic.ie.

Is in Indreabhán i bPáirc Ghnó Chois Fharraige atá oifigí agus siopa leabhar agus ceoil Chló Iar-Chonnacht lonnaithe. Bíonn siad oscailte ó 9.00 - 5.00 i.n. Luan go Déardaoin agus ó 9.00 - 4.00 i.n. ar an Aoine.



Thuas: (ó chlé) Máirtín Tom Bán, Colm Mharcuis, Seán Ó Conghaile (Corny), Pádraig Tom Bán.
(chun tosaigh) SBB ina shuí!

Ar Chlé: Cóil Bán Bán Breathnach -
an lá a ndeachaigh sé go Sasana.

Thíos: Steve Breathnach nó "An Poitín King".



Thuas: Neilí Tom Phatch Ó Curraoin, Máire Mháirtín Mhicil Ó Coistealdha (Páraic), Sarah Mhichael Johnny Ó Cualáin & Cáitín Sheáinín Mháire Neilí Ó Céidigh

Ar dheis: Patch Breathnach & Jude Ní Mháirta.

Thíos: Ag teacht anoir ó Aonach an Spidéal 1932.



Buíochas do Mháirtín Tom Bán Breathnach

Rath Cairn 75

I mbliana tá pobal Rath Cairn ag ceiliúradh 75 bliain a mbunaithe. Déanann Pádraig Mac Craith cur síos anseo ar an aistriú a rinne a mhuintir as Conamara go Co na Mí.

Tá Rath Chairn ag comóradh 75 bliain ina Ghaeltacht i mbliana. Is ar an 12ú d'Aibreán 1935 a d'aistrigh an chéad dream go Contae na Mí ó chladaí Chonamara ar scéim Choimisiún na Talún.

Briseadh croíthe an lá sin, go háirithe croíthe na ndaoine aosta a d'fhág a gcairde, a ngaolta agus cnámha a sinsir i gcré na cille agus a thug aghaidh ar thailte shaibhir na Mí. B'é a bhí ar intinn acu ná saol i bhfad níos fearr a thabhairt dá gclann ná mar a bhí acu féin. Bhí siad ag strácaíl leis an saol, leis an droch thalamh, an beagán de a bhí acu, agus leis an bhfarraige ag iarraidh greim a chur ina mbolg. Bhí fhios acu go bhféadaidís déanamh i bhfad níos fearr dóibh féin ach an seans a fháil agus bhfacthas dóibh gurbh é Contae na Mí an deis ab fhearr a bheadh acu a mbrionglóid a bhaint amach.

Tugadh teach nua, sciobóil, breis is scór acra, eallach agus uirlisí dóibh agus oiliúint ar a n-úsáid. Bhí togha na talún le fáil acu ach a raibh acu i gConamara a thabhairt suas. D'fhágadar teach, talamh, cnoc is sliabh, na daoine is an fharraige ina ndiaidh



Beartla Pheige Ó Curraoin & a bhean Úna 1937

ach thugadar leo a dteanga dúchais, a gcultúr, a dtraidisiún, a ndúchas, a spiorad is a gcumas oibre, ach d'fhág go leor den seandream a gcroíthe ina ndiaidh.

Bhí briseadh croí ar chuid mhaith de na daoine a d'fhan mar a bhíodar i gConamara, nuair a chonaiceadar a gcairde ag dul ar na busanna le dhul go Contae na Mí. Mheasadar nach bhfeicidís a cheile go deo arís agus b'fhéidir nach bhfaca cuid acu ar aon nós.

Shocraigh na clanna a d'aistrigh síos ar a gcuid feirmeacha agus d'oibríodar go crua ach ba ghearr go bhfuairadar amach nach raibh a ndóthain oibre ann dóibh ar fad agus ba gearr gurbh í an imirce a bhí i ndán dóibh arís. Níorbh í sin an phlean a bhí leagtha amach ag na sean daoine ina n-intinn féin dá gclann ach ní

raibh leigheas air. Bhí ar chumas duine amháin sa gclann slí mhaireachtála a bhaint as an bhfeilim ar feadh tamaill.

Feilmearacht measctha a bhíodh ar siúl acu ar dtús ach ansin dhírigh an chuid is mó acu ar an déiríocht agus d'éirigh leis an gcuid is mó acu leis ar feadh tamaill. Bhain go leor de na fir slí beatha mhaith amach dóibh féin ar an tógáil, go speisialta i mBaile Átha Cliath.

Ba í an bhunscoil, Scoil Uí Ghramhnaigh, an t-aon t-seirbhís as Gaeilge a cuireadh ar fáil dóibh agus bhí sé fúthu féin béarla a fhoghlaim chun déileáil leis an saol taobh amuigh. Sna seascaidí chuir dream as Ollscoil na hÉireann Má Nuad spéis i Rath Chairn, ina measc an tAthair Ó Fiaich mar a bhí sé ag an am. Tháinig glúin nua chun cinn a d'aithin go raibh easnamh mór i Rath Chairn. Ní raibh aon áit lárnach ann chun bualadh le chéile agus thugadar faoi é seo a leigheas. Faoi cheannaireacht Phádraic Mhic Dhonncha agus le tacaíocht ó go leor daoine agus eagrais, go háirithe Conradh na Gaeilge, tógadh Áras Pobal ag tús na seachtódaí.

Bunaíodh Comharchumann Rath Chairn, tarraingíodh isteach tionscail, scéim uisce, scéim portaigh, cumann drámaíochta agus tugadh ardán don cheol traidisiúnta, damhsa agus amhránaíocht ar an sean-nós. Féachadh chuige gur tógadh séipéal, meánscoil, tithe saoire,

gairdín cuimhneacháin, tithe don aosach, páirc peile agus cuireadh suíomhanna tí ar fail dóibh siúd ar mhian leo aistriú go Rath Chairn agus cur leis an nGaeltacht. Tá comóradh mór ar siúl i rith na bliana seo chun ceiliúradh a dhéanamh ar an gcinneadh a rinne ár sinsear nuair a d'aistríodar go Rath Chairn.

Tá an Ghaeilge agus an cultúr Gaelach go láidir i Rath Chairn tar éis 75 bliain mar oileán Ghaeltachta i lár na tíre. Tá súil againn gur amhlaidh a bheidh nuair a déantar ceiliúradh an chéid.

Pádraig Mac Craith



Beartla Churraoin & a mhac ag a dteach nua i Rath Cairn 1937

Seo na teaghlach a d'aistrigh as Cois Fharraige go Rath Cairn i 1937

Máirtín Phat Sheáin Mac Con Ríogh

Beartla Pheige Ó Curraoin

Tomáisín Ó Cualáin

Tim Mháirtín Mhac Ó Loideáin

Pádraic Shéamuis Mhóir Ó Conghaile

Cloch Mhór

Coill Rua

Baile na hAbhann

Seana Mhóinín

Baile na hAbhann

Ceiliúradh Rath Cairn go dtí deireadh na bliana.

MEITHEAMH:

Seathlan Bherkely

Comórtas Filíochta oscailte den tír

Féile San Sheáin

Ceol, Tine Chnámh, Fleá Fulachta

Turas Aniar -

Turas rothaíochta as na hoileáin go Rath Chairn i gcuimhne ar 1934. Thaisteal 12 fear as Conamara go Baile Átha Cliath ag cástail le Éamon De Valera faoi bunadh Gaeltacht Rath Chairn i gContae na Mí. Déanadh é seo arís i 1995 agus ba mhaith leis an dream óg é a dhéanamh arís i gcuimhne fir na Gaeltachta

LÚNASA:

Roc a Dó

Lá lán le spraoi dírithe ar chlann agus an óige.

Ba mhaith linn tent Gaelach Electric Picnic a thabhairt go Rath Chairn.

Beidh Banda mór ag deireadh na hoíche Beidh ticéidí a dhíol ar fud na Mí.

MEÁN FÓMHAIR:

1. Féile an Fhata
2. Taispeántais Cócaireacht le Éamonn Ó Catháin
3. Comórtas Bailéad an Fhata

DEIREADH FÓMHAIR:

Éigse Dharach Uí Chatháin Ceiliúradh ar shaol Dharach Uí Chatháin amhránaí Sean-Nóis as Rath Chairn trí thaispeántas den scoth den sean-nós idir amhránaíocht, ceol agus damhsa cuairteoirí as Sasana freisin.

SAMHAIN: Féile na Mí.

Comórtas Amhránaíochta agus Damhsa ar an Sean-Nós do dhaoine óga agus aosta chomh maith le comórtas ar an mBodhrán, scéalaíocht, ceol agus craic.

Siollabas a Chodail Amuigh

Tá athraithe móra le theacht ar shiollabas Gaeilge na hArdteiste i 2012 ach mar is gnáth nuair a thagann sé chuig cúrsaí oideachais, tá leatrom dá dhéanamh ar an gcainteoir dúchais. Pléann Máire Ní Fhinneadha an cheist.



Is mór i gceist féile Phléaráca le traidisiúin agus ealaín na Gaeltachta a chur i láthair an phobail ina gceantar féin. Is fada an lá cheana ó bhí an oiread deiseanna ag óige na Gaeltachta le tabhairt faoi cheol, amhráin, damhsa, drámaíocht, litríocht agus ceardaíocht na Gaeltachta a bhuíochas do cheardlanna Phléaráca agus a leithéid.

Is aisteach mar sin go bhfuil an Roinn Oideachais ag maslú cumas agus oidhreacht na ndaoine óga seo leis an gcúrsa nua Ardteiste sa nGaeilge atá curtha ar fáil aici do na daltaí a dhéanfas an scrúdú sin in 2012.

Tá mise sách sean gur cuimhneach liom nuair a léadh scoláirí sé leabhar éagsúla don Ardteist agus iad scríofa sna canúintí éagsúla. An ghlúin romham bhí sin déanta acu i rang a sé. Tá sé socraithe anois ag an Roinn Oideachais go bhféadfaidh cainteoirí dúchais Ardteist a dhéanamh agus gan aon leabhar a léamh chor ar bith taobh amuigh de chúig dháinín nó 70 leathanach as leabhar próis.

Nach cuma, a déarfais daoine, nach bhféadfaidh siad fhéin a bheith ag léamh sa mbaile? Sí

féirinne an scéil nach léann an chuid is mó de dhéagóirí in aon teanga ach a mbíonn ar Facebook, ar an bhfón póca nó ar Done Deal. Sin é an fáth go bhfuil an cúrsa Béarla lán le scoth na litríochta agus go n-éilítear go léifidh na scoláirí réimse leathan litríochta de chuile chineál. Is minic gur sa litríocht a fhaigheann muid tuiscint ar an gcuid sin den saol atá casta anróiteach. Is ón litríocht a fhaigheann muid scáthán le breathnú go fuarchúiseach ar ár mothúcháin fhéin. Ligeann an litríocht dúinn, bíodh sí scríofa nó ráite, rudaí a phlé nach ligfeadh an náire, an teanga ná an easpa deise dúinn a phlé go deo sa scoil ná b'fhéidir sa mbaile. Is ón bplé agus ón argóint seo a thagann forbairt ar ár dtuairimí agus ár bpearsantachtaí féin. Is iomaí sin duine sa tír gurb é Pádraic Ó Conaire i Scothscéalta a chuir focal dhó ar an streachailt agus an crácamas a bhain le hobair bóithre i nGarumna nó le saol na mná óige agus í ar teitheadh ón mbaile is a páistín rúnda ina broinn nó ag luí le bodach tútach nach raibh uaidh ach oidhre. Ach bhí gáire freisin ann - Jimín agus a ghandal caochta

sa tsean-am nó Maidhc Dainín agus a sheampú rubair níos deireanaí.

Níl aon dabht ormsa ach go bhfuil tairbhe agus taitneamh le baint as an litríocht ach tá tábhacht eile leis an litríocht chomh maith. Is cruthúnas an dea-litríocht go bhfuil an teanga ársa seo againne in ann freastal ar gach cuid de shaol an duine. Ní teanga bhriotach bhearnach í, mar a déarfadh an t-aineolaí. Tá stair fhada ag an bhfocal binn beacht sa teanga, bíodh sé scríofa nó ráite. Nach iontach go raibh agus go bhfuil seanchaithe agus amhránaithe an cheantair seo in ann stropa véarsaí agus scéalta a thabhairt leo go haibéal agus go gceilfí an t-ábhar sin ar a sliocht? De bharr gur cumarsáid leictreonach is mó a dhéanann dream óg an lae inniu agus gur fhág an teas lárnach agus an teicneolaíocht nach mbíonn an líon tí ag comhrá agus ag teallaireacht le chéile mar a bhíodh, is tábhachtaí fós go mbeadh réimse leathan ábhair agus foclaíochta acu sa scoil. Cuireann an litríocht snas agus téagar i gcaint an duine agus sealbhaíonn sé cruinneas agus éagsúlacht na teanga.

Teastaíonn ón Roinn Oideachais an bhéim a chur sa rang Gaeilge ar an gcaint agus ar fheabhsú na Gaeilge labhartha ach rinneadh dearmad glan arís eile ar an gcainteoir dúchais a thug leis an Ghaeilge óna mhuintir sa mbaile. Céard a bheas á fhoghlaím ag an scoláire sin ar feadh cúig bliana? Nach bhfuil sé tuillte aige sin go bhfaigheadh sé deis an chuid is fearr den litríocht a thríail? Ar cheart d'aon scoláire an scoil a fhágáil gan eolas a bheith aige ar na hamhráin mhóra, ar na cúirteanna filíochta, ar éachtaí na mbailitheoirí agus ar thoradh a saothair? Cá gcloisfidh scoláirí faoi Cholm de Bhailís nó Raftairí agus cé a mhíneós dóibh an traidisiún iontach is bonnchloch d'Amhráin an Mhéit?

Chuile lá i Scoil Chuimsitheach Chiaráin baineann scoláire éicint an chaint díom le dea-chaint nó deise labhartha. Focla ag damhsa ina mbéal agus an cúrsa nua seo á dtachtadh le scrúdú cainte a dhéanfaidís ag ceithre bliana d'aois. Múinfidh an cúrsa nua dóibh gur dream iad cainteoirí dúchais nach dtuillteann meas, nach n-aithnítear a mbua teanga féin ná buanna a muintire. Fágfaidh siad an scoil agus é curtha in iúl dóibh gur sa mBéarla amháin a phléitear scéalta móra an tsaoil agus nach ann do litríocht sa nGaeilge agus an chuid atá ann nach fiú a léamh di ach 70 leathanach. An gasúr sa gliabhán is mian leis deireadh an scéil a fháil amach ach dar le dallaráin na Roinne Oideachais, ní fiú scéal Gaeilge a chríochnú. B'fhearr do scríbhneoirí na Gaeilge cloí le leabhra seachtó leathanach feasta!

Ar ndóigh ní bhaintear ach a gcuirtear agus íocfar as an sceanairt seo. Mura bhfaighidh siad ag baile é, ní bheidh foclóir ná abarthacht ag na daoine óga seo ar fhágáil na scoile dóibh. Plúchfaidh agus bascfaidh cúrsaí litríochta sa gcoláiste iadsan a

ghabhfas an cosán sin. An dream a chríochnós a gcuid scolaíochta ag an Ardteist ní bheidh eolas acu ar fhiúntas ná ar fhéile a dteanga dhúchais. Beidh múinteoirí istigh i seomraí ranga a cheapfas gurb é Caoineadh Airt Uí Laoghaire an chéad phíosá riamh a cumadh i nGaeilge agus nach dtuigfidh go deo gur fhág Gráinne agus Diarmaid a leapacha luachra agus gur thóg síolrach (ní féidir chuile shórt a dhéanamh i 70 leathanach, ar ndóigh!). Ar ndóigh ní bheidh Fiannaíocht ná Dinnseanchas acu ach oiread.

Tá roinnt againn a thuigeann gur feall an cheilt seo ar chainteoirí dúchais agus **teastaíonn uainn go gcuirfí ábhar Gaeilge eile, Gaeilge Fheidhmeach ar fáil, sa mbreis ar an an gcúrsa nua atá leagtha síos don Ardteist.** Thabharfadh seo 200 pointe do Ghaeilgeoirí cumasacha agus bheadh dianstaidéar déanta acu ar a dteanga fhéin. Má tá imní ar lucht gnó agus coláistí faoi lagbhri na Matamaitice agus pointí breise á mholadh ag Aire agus ag saineolaithe, nach iontach an stádas a thabharfadh sé don Ghaeilge dá mbeadh aitheantas dhá ábhar aici? Ar ndóigh bheadh cúrsa dúshlánach le déanamh ag na scoláirí seo ach nárbh fhiú é le bród a chothú ina n-oidhreacht fhéin, a bhfuil beag is fiú déanta di ag an gcúrsa nua seo ón Roinn Oideachais?

Rinne an dream a dhear an cúrsa seo dearmad glan go raibh cainteoirí dúchais Gaeilge sa tír seo (sin nó ba chuma leo fúthu) agus chuir siad cúrsa d'fhoghlaimeoirí ar fáil do na cainteoirí dúchais. Is fúinne anois atá sé a chinntiú go mbeidh saibhriú agus ní tanaíochan á dhéanamh sa seomra ranga Gaeltachta.

Máire Ní Fhinneadha

Óstán an Dóilín

An Cheathrú Rua

Gach cineál ócáide

Breith Lá, Baisteadh, Bainis & Cóisir

Club Oíche

ar oscailt ag an deireadh seachtaine

Séan Ó Loideáin

Fón/Faics: 091-595169

e-phost: sean@tijosie.com

www.tijosie.com




Bean an Tigh: Therese Conroy

Scrib, Ros Muc, Conamara, Co na Gaillimhe.

Teil: 091 574139 / 087 6360039;

Ríomhphost: dunmanusbandb@hotmail.com



Réimse leathan Ealaíona & Ceardaíocht ar fáil anois

Cill Chiaráin, Conamara, Co. na Gaillimhe



Fón: 095 33404/33417
Facs: 095 33494
e phost: info@arramara.ie
www.aramara.ie

Teicneolaíocht Uí Threasaigh Teoranta

DEARADH TÁIRGE
DEARADH & TÁIRGIÚ MÚNLA
SEOMRA GLAN GRÁD 100,000

IS.EN.ISO 13485

**Na hAille, Indreabhán
Co. na Gaillimhe
Fón: 091-593088
www.wayglen.ie**

Ádh mór ar Fhéile Phléaráca '10

Neylon & Company

Cuntasóirí Cairte

Páirc Teicneolaíochta na Gaillimhe

An Pháirc Mhór, Gaillimh

Iniúcháirí Cláraithe
Comhairle Airgeadais
Pleánáil Cánach
Iarratais ar dheontais Stáit & Iasachtaí
Bunú agus rúnaíocht Comhlachtaí

Déan teagmháil ar do thoil le Joe Neylon

Teil: 091-735800
Faics: 091-765589
Ríomhphost: info@neylon.ie

Le gach dea-ghuí don Phléaráca 2010



Déardaoin 20/05/10

08.00 i.n. **OSCAILT OIFIGIÚIL NA FÉILE**
Ionad: Tigh Chualáin
á sheoladh ag **Páidí Ó Lionáird**

Seó: 'An Rón Dall' le **Fibín**

**BRONNADH GRADAM AN
PHLÉARÁCA**

Seoladh na hIrise 'Pléaraca'

Fear an Tí: **Máirtín Tom Sheáinín
MacDonnacha**

CEOL: **Beartla Ó Domhnaill &
Ceann Gólaim**

Taispeántas ón Cumann Béaloideas

i Seanscoil Shailearna ar feadh na
deireadh seachtaine.



Johnny Connolly

Dé Domhnaigh ag 09.00 i.n. sa bPoitín Stil
(Comórtas Damhsa ar an Sean-nós)

Dé hAoine 21/05/10

I rith
an lae **'IONSATHE EALAÍONA'**
Bí ag faire amach do Bhrídín Sheáin
Bhrídie Johnny & carachtair eile thart
sa gceantar

12.00n. **SEOLADH TAISPEÁNTAS NA
nGASÚIR &
TAISPEÁNTAS 'An Bád Móna'**
á sheoladh ag **Darach Ó Tuairisg**
Ionad: Seanscoil Shailearna

05.00 i.n. **SEOLADH 'TONNTA EILE'**
Ionad: Seanscoil Shailearna
(Cnuasach litríochta ó dhéagóirí a
bhíonn páirteach i gCiorcal
Scríbhneoireachta Phléaraca).
Á sheoladh ag **Peadar Ó Maoláin**

07.30 i.n. **'OÍCHE AN BHÉIL BHEO'**
Ionad: Tigh Mholly
Oíche Litríochta bunaithe ar
scríbhneoirí áitiúla.
Bean an Tí: **Máirín Mhic Lochlainn**

08.00 i.n. **GIG le 'THE TEMPORARY'
& DJ Ó Bearra**
do Chlubanna Óige Chonamara
Ionad: Coláiste Lurgan
Taispeántas ghrianghraifeanna 'Mo
Chonamara' ó fóin póca na ndéagóirí
ar siúl i rith an gig.

10.00 i.n. **SEISIÚN CEOIL AN PHLÉARÁCA**
Ionad: Tigh Mholly

11.00 i.n. **SCANNÁN** amuigh faoin aer.
Ionad: Tigh Mholly



An Temporary

Dé hAoine ag 08.00 i.n. i gColáiste Lurgan

Dé Sathairn 22/05/10

I rith
an lae **'IONSATHE EALAÍONA'**

12.00 -
06.00 i.n. **MARATÓN DAMHSA AR AN SEAN
NÓS FAOIN AER** - Coláiste Lurgan.
Ar mhaithe le Tearmann Éanna.

01.00 i.n. **SEISIÚIN LÉITHEOIREACHTA le
Beartla Broc & seoladh oifigiúil**
seomra litríochta An Ionad
Tacaíochta Teaghlaigh á sheoladh ag
Máire Treasa Ní Dhubhghaill.

01.00 i.n. **DUSHLÁN TIMPEALLACHTA**
Seanscoil Shailearna.

02.00 i.n. **CEARDLANN DAMHSA AR AN
SEAN-NÓS** le **Patricia Ní Fhátharta**
Ionad: Coláiste Lurgan. Táille: €5.00.

04.00 i.n. **DEALBHADÓIREACHT GAINIMH**
Lá mór ar an Trá Mhór.

07.00 i.n. **SEOLADH LEABHAIR -
'Tá mé an-mhór le Mamó & Daideo'**
le **Tadhg Mac Dhonnagáin** (Futa
Fata). Ionad: Seanscoil Shailearna.

08.30 i.n. **SEISIÚN AMHRÁNAÍOCHTA AR AN
SEAN-NÓS** - Tigh Mholly.
Bean a tí: **Máire Uí Dhroighneáin**

09.00 i.n. **AN CABARET CRAICEÁILTE**
Ionad: An Poitín Stil.
Ceol: **Bréag, Henrietta Game,
Dominic Mac Giolla Bríde** & go leor
eile. Táille: €10.00
Fear an tí: **Rónán Mac Aodh Bhuí**



Rónán Mac Aodh Bhuí

An Cabaret Craiceáilte, Dé Sathairn ag 9.00 i.n.

Dé Domhnaigh 23/05/10

01.00 i.n. **COMÓRTAIS NA n-ÓG**
Ionad: Seanscoil Shailearna
Bean an Tí: **Síle Ní Scanláin**
Boscadóir: **Seán Ó Flatharta**
Táille: €5.00

Rogha uirlisí ceoil.
Damhsa ar an sean-nós.
Amhránaíocht ar an sean-nós.
Agallamh Beirte/Scéalaíocht.

02.30 i.n. **SIÚLÓID STAIRE**
ag tosú ó Tigh Mholly
Siúlóid 7.5m (3.5 huaire an chloig).
Treoraí: **Máirtín Ó Cadhain**

04.00 i.n. **CEOL, CRAIC & EALAÍN BEO
FAOIN AER**
Ionad: Tigh Mholly

**COMÓRTAS DAMHSA AR AN
SEAN-NÓS DO DHAOINE FÁSTA**
Ionad: An Poitín Stil
Táille: €5.00

07.00 i.n. Ceol: **Beartla Ó Domhnaill & Ceann
Gólaim**

08.00 i.n. Comórtas Damhsa ag tosú.
Fear an Tí: **Colm Ó Méalóid**
Boscadóir: **Johnny Connolly**



Síle Ní Scanláin

Bean an tí ag Comórtais na n-Óg

Oscailt Oifigiúil na Féile – Tigh Chualáin, Déardaoín 20 Bealtaine ag 8.00 i.n.

I dTigh Chualáin, Coill Rua a bheas an oscailt ag tarlú. Bíonn an-oíche anseo i gcónaí agus tá fáilte ann roimh an bpobal ar fad. Sé Máirtín Tom Sheáinín fear an tí na hócáide agus déanann sé cinnte i gcónaí go mbíonn spraoi agus spleodar ann ar feadh na hoíche.

Sé Páidí Ó Lionáird a bhfuil aithne uilig againn air ó TG4 a sheolfas an fhéile go hoifigiúil. Cuirfidh Fíabín seó 'An Rón Dall' i láthair. Bronnfar Gradam na Féile agus cuirfidh Beartla Ó Dómhnaill agus Ceann Gólaim an ceol ar fáil.

Ag deireadh na hoíche tá Darach Ó Tuairisg chun lóchrann Síneacha a lasadh thíos ar an Trá Mhóir ag ceiliúradh tús na féile.

Bígí ann!!!

An Rón Dall The Blind Seal



Taispeántas Chumann Béaloideas Chois Fharraige - Seanscoil Sailearna

Beidh an Taispeántas seo ar bun i Seanscoil Sailearna le linn deireadh seachtaine na féile agus tá fáilte isteach roimh an bpobal chun é a fheiceáil. Is logainmneacha agus scéalta áitiúla a bheidh le

Páidí Ó Lionáird

Is é Páidí Ó Lionáird, an craoltóir aitheanta le TG4 a bheas ag seoladh féile na bliana seo i dTigh Chualáin, Coill Rua ar an Déardaoín 20 Bealtaine. Rugadh Páidí i 1968 imBaile Bhúirne i nGaeltacht Mhúscraí. Is é an duine is óige de dhá dhuine dhéag clainne agus tá conaí ar anois i gceantar Chóis Fharraige le roinnt blianta anuas.

Ar na cláracha atá curtha i láthair aige ar TG4 tá Seó Bóthair, Cleamhnas, Árdán, Gradam Ceoil TG4, Féilte, Luach Ár Linne, Mobs Mheiriceá agus ar ndóigh 7Lá.

Tá aithne ar Pháidí mar phearsa thaitneamhach agus oscailte a bhfuil féith an ghrinn go smior ann agus a bhaineann spraoi agus sásamh as a chuid oibre. Is beag ábhar nach mbíonn ar a chumas déileáil leo, ó pholaitíocht go ceol thraidisiúnta agus cúrsaí tomhaltachais go dtí an Tour De France.

Is minic a thugann Páidí lámh chúnta d' eagrais agus carthanais éagsúla. Tugann sé a thacaíocht do



Páidí Ó Lionáird

lucht CF (Fíobrós Chisteach), carthanais éagsúla ailse agus oispise.

Tá suim ag Páidí ina lán rudaí, na healaíona, spóirt, litríocht, cúrsaí iompair, cúrsaí comhshaoil agus go leor eile.

Tá sé pósta le Karen Ní Chléirigh as Chontae an Chláir agus is mór an túdar bróid dó a mhac Naoise atá ag saothrú céime Ealaíona in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.

Taispeántas – An Bád Móna, Seanscoil Sailearna

Beidh an bád móna seo le feiceáil taobh amuigh den seanscoil. Is toradh ar chomhoibriú idir Turlough O Connor agus na scoileanna áitiúla an bád seo. De bharr an nós a bhíodh fadó ann go gcaitheadh na gasúir móin a thabhairt ag an scoil, chuimhnigh Turlough gur smaoineamh maith a bheadh ann tionscnamh a bhunadh ar seo. D'iarr sé ar na scoláirí i Scoileanna Sailearna agus na Tulaigh fóid mhóna a thabhairt isteach ag an

scoil ar lá áirithe. Bhailigh sé an mhóin agus rinne sé suas í i gcruth bád. Leis seo bhí sé ag ceangal dhá nós, an mhóin a thugtaí ag na scoileanna fadó agus na báid seoil lán le móin a sheolfadh as Conamara go hÁrainn agus Co an Chláir fadó. Beidh an taispeántas Bád Móna dá sheoladh ag an seanscoil ar an Aoine 22 Beal. ag 1.00i.n. Nuair a bheas an fhéile thart tabharfar an mhóin do na daoine atá ag cónaí i dTearmann Ainnín

OÍCHE AN BHÉIL BHEO

Tigh Mholly, 7.30 i.n. Dé hAoine 21 Bealtaine

Seo féasta de scéalta, filíocht agus agallaimh beirte ó scríbhneoirí áitiúla dá n-aithris ag muintir na háite. Sí Máirín Mhic Lochlainn bean a' tí ar an oíche agus beidh sí féin ag insint scéil chomh maith. Ar an dream eile a bheidh ag glacadh páirte beidh, Bridie Ní Churraoin agus Peadar Ó Cualáin ag déanamh agallamh beirte le Johnny Chóil Mhaidhc; Eoghan Mac Diarmada ag léamh as *Seilg i Measc an nAlp* le Micheál

Breathnach; Máirín Uí Choistealbha ag léamh *Slán leis na Baird* le Tom Phaddy MacDiarmada; Norita Ní Chartúir agus Josie Ó Cualáin ag déanamh agallamh beirte le Cóil Learaí Ó Finneadha; Máirín Ní Ghadhra ag léamh as *Conamara le mo Linnse/Stiléiri* le Seán Ó Conghaile; Jackie Mac Donncha ag léamh scéal. Níl anseo ach cuid den ábhara bheas le cloisteáil. Beidh seisiún ceoil ina dhiaidh. Ba cheart go ndéanfadh sé an-oíche.

Ceol na Féile

Déardaoín 20ú
8.00 i.n. Tigh Chualáin -
Oscailt Oifigiúil le
Beartla Ó Dómhnaill &
Ceann Gólaim

Dé hAoine 21ú
10.00 i.n. Tigh Mholly -
Seisiún Ceoil

Dé Sathairn 22ú
9.00 i.n. An Poitín Stil -
An Cabaret Craiceáilte

Dé Domhnaigh 23ú
4.30 i.n. Tigh Mholly -
Ceol Craic agus ealaín beo
faoin aer

Dé Domhnaigh 23ú
7.00 i.n. An Poitín Stil -
Beartla Ó Dómhnaill &
Ceann Gólaim

Dé Domhnaigh 23ú
9.00 i.n. An Poitín Stil -
Comórtas Damhsa ar an
Sean-nós

Fáilte roimh chuile dhuine!!!

DÚSHLÁN TIMPEALLACHTA

Seo tionscnamh a mbeidh Rosaleen Ní Shúilleabháin agus Gearóid Ó Fátharta ag obair air le daoine óga roimh agus i rith na féile. Iarrfar ar an dream óg staidéar a dhéanamh ar fhadhbanna truailliú ina gceantar agus teacht aníos le réiteach ar na fadhbanna sin. Ar Shatharn na féile, tiocfaidh siad uilig le chéile sa Seanscoil, cuirfidh siad i láthair a gcuid taighde agus tabharfar tascanna breise dóibh bunaithe ar an téama céanna.

Dealbhadóireacht Gainimh

Táimid ag súil le haimsir bhreá agus ag 4.00 ar an Satharn beidh daoine ag teacht le chéile thíos ar an Trá Mhóir. Beidh deis ann ag teaghlach nó grúpaí a gcuid cruthaitheacht a léiriú tríd triall a bhaint as dealbhadóireacht gainimh, beidh eitpheil agus eitleoga ann agus ceol.

Siúlóid Staire/Litríochta Dé Domhnaigh 23 Bealtaine

Muna mbeidh do dhóthain de litríocht na háite faighte agat i dTigh Mholly Dé hAoine, beidh seans agat arís Dé Domhnaigh ach gur amuigh faoin aer a bheas tú an iarraidh seo. Tá Máirtín Ó Cadhain ag eagrú siúlóide staire agus litríochta agus is iontach an bealach é le haghaidh thrathnóna Domhnaigh a chaitheamh.

Ionad cruinnithe don tsiúlóid:
Carrchlós Tigh Mholly ag 2.30 p.m.

Cúrsa:
Tigh Mholly – An Bóthar Bui -
Baile na mBrobhach – cladach
an Chnoic – cladach an Locháin
Bhig - Tigh Mholly.

Fad: 13 km/7.5 m; Am: Tuairim is
3½ huairé an chloig.

Ní mór bróga siúil nó buataisí a
chaitheamh, agus feisteas báistí
a bheith leat.

Tuilleadh eolais:
Máirtín Ó Cadhain:
091-505796/086-0643550

Maratón Damhsa ar an Sean-nós

12n. Satharn 22 Bealtaine, Coláiste Lurgan

Seo píosa spraoi a bheas ag tarlú taobh amuigh de Cholaiste Lurgan ar an Satharn ón 12.00-6.00. Tá Pléaráca chun tabhairt faoi damhsa sean-nóis a choinneáil ag imeacht gan stopadh ar feadh na sé huairé an chloig sin. Tá cuireadh tugtha do na damhsóirí sean-nóis uilig a bhfuil aithne againn orthu teacht i láthair ag amanna éagsúla le haghaidh cúpla steip a dhamhsú.

Tá fáilte roimh chuile dhuine sa bpobal páirt a ghlacadh ann, ní gá gur buaiteoir oireachtais ná comórtas de aon chineál tú. Tá iarrtha ar chomhlachtaí, eagraíochtaí agus tithe ósta foirne a chur ar fáil don ócáid a choinneoidh an spraoi ag imeacht. Ar ndóigh tá súil againn chomh maith go mbeidh na páistí uilig a bhíonn ag foghlaim sean-nóis thart ar an lá lena gcuid féin a dhéanamh.

Tá Siopa an Phobail chun deoch a choinneáil le na damhsóirí agus tá súil go dtiocfaidh an pobal trasna chugainn nuair a bheidh a gcuid siopadoireacht déanta acu.

Beidh muid ag baliú airgid le linn na hócáide agus pé pingin a gheobhaidh muid is do Thearmann Éanna, Ionad Lae an Aosaigh a ghabhfaidh sé.



Comórtas Damhsa ar an Sean-nós

An Poitín Stíl
9.00 Domhnach 23

Seo í an ócáid de chuid an Phléaráca is mó a mbíonn an pobal ag faire amach di. Sa bPoitín Stíl a bheidh sé agus bí cinnte go mbeidh tú ann luath chun suíochán a fháil. Beidh Beartla Ó Dómhnaill ag ceol roimhré, mar sin beidh trathnóna breá ceoil agus damhsa amach romhat. Is é Colm Ó Méalóid a bheidh ina Fhear a' Tí agus bí cinnte go go mbeidh neart spraoi agus gáire ann chomh maith leis an damhsa. Beidh Johnny Connolly ag ceol agus tá súil againn go mbeidh neart iarrthóirí ann do Chorn Sonnaí Choilm Learaí.

Ceardlann Damhsa ar an Sean-nós

Coláiste Lurgan
2.00 Dé Sathairn 22 Bealtaine

Sí Patricia Ní Fhátharta a bheas i mbun na ceardlainne seo. Beidh sé ar bun le linn an Mharatóin Damhsa. Glac páirt agus beidh tú réidh le páirt a ghlacadh sa maratón agus ag Comórtas Damhsa ar an Domhnach!!!

AN CABARET CRAICEÁILTE

An Poitín Stíl,
9.00 i.n. Satharn 22 Bealtaine

Fáilte mhór aduaidh roimh mhuintir Thír Chonaill chuig an bPléaráca. Beidh Ronán Mac Aodh Bhuí ag cur i láthair a chabaret agus muid ag tnúth go mór leis (Féach leath. 23).

Ina measc siúd a bheas ar stáitse, beidh Doiminic Mac Giolla Bhríde, Bréag, Henrietta Game & srl.

CRAICEÁILTE i gCONAMARA!

Tá an Cabaret Craiceáilte ag teacht aduaidh go Conamara den chéad uair ariamh ar an Satharn 22 Bealtaine mar chuid d'Fhéile an Phléaráca. Sa bPoitín Stíl a bheidh an oíche spleodrach seo agus tá muid ar bís ag fanacht leis an bhféasta atá na Conallaigh chun a chur ar fáil. Tá aithne ag chuile dhuine ar Rónán Mac Aodha Bhuí, a bhfuil an cabaret seo tugtha le chéile aige. Craoltóir cumasach ar RnaG é, bíonn sé le cloisteáil chuile lá idir 3 agus 5 agus bíonn an dá uair an chloig sin lán le spraoi, caint, ceol agus mar a thugann sé féin air, réabhlóid! Seo mar a mhíníonn Rónán an Cabaret Craiceáilte "réabhlóid a cuireadh ar bun chun saol sóisialta/siamsaíochta tré Ghaeilge a chothú, chomh maith le tionscal ceoil na Gaeilge a spreagadh agus a chothú."

D'fhás an Cabaret Craiceáilte as an gCiorcal Craiceáilte a bunaíodh sa bhliain 1993 agus An Fhéile Chraiceáilte (Féile Ceoil 3 lá) eagraithe in áiteacha éagsúla cosúil le Ráth Cairn, An Spidéal, Gaoth Dobhair agus Oileán Thoraigh. Eagraíodh an Cabaret Craiceáilte, mar chuid don Electric Picnic, Fleadh Feirste, Féile Oriel, agus Gaelspraoi freisin.

Is togra iomlán deonach atá sa Chabaret Craiceáilte, agus eagraítear é ar bhonn míosúil sa teach tábhairne Conallach 'Teach Hiúdaí Beag' i nGaoth Dobhair. Téann gach brabús i dtreo na gceoltóirí, agus costais na hoíche, agus má tá pingin ar bith fágtha, téann sé isteach sa chiste chun tuilleadh ceolchoirmeacha/féilte agus ócáidí siamsaíochta eile a eagrú. Clúdaítear gach réimse ceoil - rapcheol, rac-cheol, reggae/ska, bluegrass, ceol 'tuaithe, tíre agus traidisiúnta, chomh maith le rince nua aimseartha agus sean aimseartha. Cuireadh tús leis an Chabaret i mí Lúnasa 2008, agus tá scoth na



An Henrietta Game

gceoltóirí tar éis a bheith ar an ardán leo ón tús, ó leithéidí Shéamus Ó Beaglaioich, Johnny Connolly, Meaití Joe Shéamuis Ó Fátharta, Mairéad Ní Mhaonaigh, Máirtín Tom Sheainín, Doiminic Mac Giolla Bhrighde go dtí an t-amhránaí Gaidhlig, Griogair Labhruidh, Enda Reilly, na damhsóirí sean nóis Máire Áine Ní Iarnáin, Eilín Sonáí Choilm Learaí, agus Patricia Ní Fhátharta, chomh maith le grúpaí ceoil, na geabairí (rappers) MC Muipéid/Jimmy the Hideous Penguin, agus Bubba Shakespeare, na bodhránadóirí Seamus O Kane agus Rohan Young, Beartla Ó Domhnaill & Ceann Gólaím, Red Rasta Sound System, agus go leor ceoltóirí/damhsóirí eile as Gaeltacht Thír Chonaill, agus áiteacha eile ar fud na tíre.

Bhuel théis an méid sin cúlra, céard atá Rónán agus an Cabaret chun cur ar fáil dúinn ar an 22 Bealtaine sa bPoitín?

Beidh laoch mór an tsean-nóis agus buaiteoir Chorn Uí Riada Doiminic Mac Giolla Bhrighde chomh maith le slua ceoltóirí/ siamsóirí/damhsóirí eile páirteach san oíche.

Beidh Enda Reilly ó Thamhlacht i mBaile Átha Cliath ar stáitse. Is ceoltóir agus cumadóir amhrán Gaeilge agus Béarla é agus tá stíl na Beatles agus John Martyn meascaithe leis an sean nós agus an ghaeilge aige.

Beidh dhá bhanna ceoil ann ar an oíche, **Henrietta Game** agus **Bréag**.

Mar a deir Rónán, "tá sár aithne ag Gaeil na tíre uilig ar an sár ghrúpa Bréag, a chasann ceol reggae agus ska.

Bhí siad ag casadh ag achan Fhéile Chraiceáilte sna 90adaí, agus is iomaí cuairt a thug siad ar Chonamara le linn an ama sin fosta.

Sheinn an **Henrietta Game** ag Cabaret Bhaile Átha Cliath san Odeon an mhí seo 'caite, agus ag an Chabaret Craiceáilte speisialta a bhi ar siúl sa Phuball Gaeilge, le linn an Electric Picnic, ar an tSráidbhaile, Condae Laois, anuraidh.

Tá gaol láidir acu leis an réabhlóid Chraiceáilte. Cuireadh an banna ceoil seo le chéile i mí Eanáir 2009 agus tá siad ag feabhsú, agus ag dul ó neart go neart ón lá sin. Dúirt an príomh amhránaí Christy Leech. "Bhain muid sult mhór as a bheith ag an Chabaret le linn an Electric Picnic, chomh maith le Cabaretanna Ghaoth Dobhair agus Bhaile Átha Cliath. Táimid ag súil go mór leis an ródseó craiceáilte go Conamara" adúirt sé.

Mar is gnáth leis an Chabaret, beidh ceoltóirí/siamsóirí eile, ar an ardán freisin

Mar sin ná cailligí an deis seo a bheith ag an gCabaret Craiceáilte, beidh sár oíche ann, déanfaidh Rónán cinnte de sin!!!

TAISPÉANTAS NA SCOL

Seanscoil Sailearna
Dé hAoine 21 Bealtaine 12n.

Beidh Scoil na Tulaigh agus Scoil Sailearna ag léiriú an obair a rinne siad leis na healaíontóirí Bernie Seoige agus Rosaleen Ní Shuilleabháin. Is é Darach Ó Tuairisg a sheolfas an taispeántas seo.

Comórtais na nÓg

Seanscoil Sailearna
Dé Domhnaigh 23 Bealtaine 1.00 i.n.

Comórtais damhsa agus amhránaíocht ar an sean-nós, scéalaíocht agus uirlis ceoil a bheidh anseo. Dhá rannóg atá ann, rannóg bunscoile agus meán scoile. Freastalaíonn slua mór ar na comórtais seo chuile bhliain agus tá fáilte roimh an

bpobal isteach chun éisteach leis an dream óg ag cur i láthair a gcuid buanna.

Sí Síle Ní Scanláin a bheas ina bean a' tí agus b'fhéidir go ndéarfadh sí féin amhrán in onóir na hócáide.

An Temporary - An Gig Déagóirí

Coláiste Lurgan, 8.00 Dé hAoine 21 Bealtaine

Seo iad an grúpa leids óga as Árinn a bhfuil a mbanna ceoil féin An Temporary bunaithe acu le (Féach agallamh leo ar leath. 26). Chomh maith leo siúd, beidh DJ Ó Bearra ag an ócáid freisin.

Chomh maith le ceol agus damhsa, beidh na grianghraif as an taispeántas **Mo Chonamara** dá dteilgean an oíche sin i gColáiste Lurgan. Hlarradh ar dhaoine óga íomhánna a sheoladh isteach óna bhfóin póca chuig Pléaráca, íomhánna a thug le fios cén tuiscint atá acu ar bheith ag cónaí i gConamara ag tús an 21ú haois. Ba cheart go ndéanfadh sé oíche spleodrach i gColáiste Lurgan.




Seoladh Tonnta Eile

Seanscoil Sailearna
Dé hAoine 21 Bealtaine 5.00 i.n.

Seo é an dara heagrán de Tonnta, cnuascach filíochta agus gearrscéalta scríofa ag an ngrúpa daoine óga a ghlac páirt i 2008-09 i gCiorcal Scríbhneoireachta Phléaráca.

Siad Máire Holmes agus Jackie Mac Donncha na háisitheoirí a bhí ag an ngrúpa agus is fiú go mór an foilseachán seo atá curtha ar fáil acu a léamh. Is é Peadar Ó Maoláin a sheolfas an leabhrán agus tá fáilte ann roimh chuile dhuine.



Seoladh 'Tá mé an-mhór le Mamó agus Deaideo'

le Tadhg Mac Dhonnagáin
Seanscoil Sailearna
Dé Satharn 22 Bealtaine 7 i.n.

Seo leabhar eile dá sheoladh ag Tadhg Mac Dhonnagáin agus seó breá mar chuid de. Bí cinnte go mbeidh ócáid álainn ceoil agus amhránaíochta anseo feiliúnach do pháistí óga agus a muintir, go háirithe Mamó agus Deaideo. (Féach leath. 25 i gcomhair tuilleadh eolais.)

'Tá mé an-mhór le Mamó agus le Daideo'

Tá leabhar eile le Tadhg Mac Dhonnagáin ar fáil. Cuireann sé síos uirthi anseo maraon leis an tsraith lena mbaineann sí!

Le cúpla bliain anuas, tá an comhlacht foilsitheoireachta **Futa Fata**, atá lonnaithe i mBaile an Domhnalláin sa Spidéal, ag foilsiú leabhair do ghasúir, idir ábhar ón traidisiún béil agus leabhair scéalta.

Tá an-ghlacadh leis na foilseacháin seo, ní hamháin anseo i gConamara, ach ar fud na hÉireann agus níos faide i gcéin. Cuireann glórtha na ngasúr atá le cloisteáil ar na dlúthdhioscaí a théann leis na leabhair go mór leis an spéis atá ag gasúir eile, agus ag daoine fásta freisin, san ábhar.

Chomh maith leis an gcineál sin ábhar siamsaíochta, tá muid ag cur cineálacha eile ábhar léitheoireachta ar fáil chomh maith, ábhar a bhaineann le saol sóisialta an pháiste agus iad ag iarraidh ceart a dhéanamh den domhan ina dtimpeall. Baineann an tsraith **Bimis ag caint faoi** leis an gcaoi a airíonn gasúir faoi rud a tharlaíonn dóibh, nó faoi dhaoine ar leith a chastar orthu, nó faoin gcaoi a mhaireann daoine le chéile sa lá atá inniu ann.

Cuireann an leabhar **Is cuimhin liom Róló** síos ar an mbrón agus ar an mbuairt a thagann ar pháiste nuair a chailltear peata dá gcuid. Cuidíonn an leabhar leis an ngasúr déileáil leis na mothúcháin chasta a bhaineann leis an mbás. Cuireann **An bhfuil tusa cúthail?** síos ar na deacrachtaí atá ag gasúir atá thar a bheith cúthail. Scéal faoi chairdeas speisialta atá i gceist le **Tá Siondróm Down ar Lára**, leabhar a fhreagraíonn, i bhfoirm scéil, na ceisteanna a bheadh ag gasúir faoi pháiste atá comhaoiseach leo, a bhfuil Siondróm Down uirthi.

Déanann **Gach Dath Faoi Spéir** ceiliúradh ar na cineálacha éagsúla daoine atá ar an saol, daoine a bhfuil dathanna éagsúla ar a súile, ar a gcuid gruaige agus ar a gceiceann; daoine a bhfuil teangacha éagsúla acu, déithe éagsúla, go fiú! – ach daoine iad ar fad ina dhiaidh sin, daoine atá



in ann beith ina gcairde ag a chéile agus cúnamh a thabhairt dá chéile.

Le linn Féile an Phléaráca, tá áthas orainn leabhar nua sa tsraith a chur i láthair an phobail. Leabhar ceiliúrtha atá sa gceann nua seo chomh maith. Cuireann **Tá mé an-mhór le Mamó agus le Daideo** síos ar an gcaidreamh fíor-thábhachtach a bhíonn ag gasúir le Mamó agus le Daideo, ar an méid a fhoghlaimíonn siad óna chéile agus ar an ngrá a thugann siad dá chéile.

Le ceiliúradh a dhéanamh ar an gcaidreamh sin idir Mamó, Daideo agus a ngarchlann, beidh Futa Fata ag eagrú ócáid an-speisialta **tráthnóna Dé Sathairn, an 22ú Bealtaine, i Seanscoil Sailearna in Indreabhán**. Beidh muid ag seoladh an leabhair nua, ach chomh maith leis sin, beidh seisiún rannta, amhrainíní agus spraoi againn leis na gasúir agus a gcuid Mamónna agus Daideonna, bunaithe ar an ábhar atá ar fáil sna leabhair **Gugalaí Gug – Lúrabóg Lárabóg, Cearc Uisce san Uisce ag slubáil is ag slabáil** agus tuilleadh nach iad.

Beidh fáilte roimh óg agus aosta ag an ócáid sa Seanscoil – tá muid ag súil go mór le castáil libh!

An Temporary

Beidh An Temporary ag ceol i gColáiste Lurgan ar an Aoine 21 Bealtaine. Tá an dream óg seo ag baint cáil amach dhóibh fhéin le tamall anois. Chuaigh Síle Ní Scanláin chun cainte le hEoin Ó Muirí-Ó Conghaile chun tuilleadh eolais a fháil faoin ngrúpa.

Síle: Inis dom faoin ngrúpa the Temporary - Cé atá sa ngrúpa?

Eoin: Bhuel tá mé féin agus Peadar Ó Goill as Inis Mór, Ciarán Ó Conghaile as Ros a Mhíl' agus Ronan Jack as Cnoc na Cathrach.

Síle: Cén saghas ceoil a chasann sibh?

Eoin: Rac go ginearálta ach taitníonn go leor cineál ceoil difriúil linn uilig so tugann muid uilig cineál rud difriúil don bhanna. Nuair a bhíonn muid ag scríobh amhráin bíonn an-tionchar ag an saghas ceoil a mbíonn muid ag éisteacht leis ag an am ar an saghas ceoil a scríobhann muid. Idir an ceathrar againn taitníonn chuile chineál ceol linn - go ginearálta rac is dóigh.

Síle: An bhfuil aon cheoltóirí ar leith a thaitníonn libh, an gcuirfeá an grúpa i gcomparáid le haon ghrúpa eile?

Eoin: Ní chuirfinn really. Ar ndóigh tá cupla amhrán againn atá cosúil le bannaí éagsúla ach, níl fuaim ceart dúinn féin faighte againn fós so tá muid ag iarraidh é sin a fháil....

Síle: Dá mbeidhfeá chun a rá go bhfuil stíl éagsúil ag an mbanna, céard é féin?

Eoin: Aternative Rock is dóigh liom! Tá amhrán amháin againn, tá sé cosúil leis na Coronas, ansin tá



Eoin Ó Muirí-Ó Conghaile

amhrán eile atá cineál cosúil le *Techno-Rock* nó rud éigin mar sin, tá an-éagsúleacht ann!

Síle: Agus cén chaoi a dtáinig sibh le chéile an chéad lá ariamh?

Eoin: Bhuel cheithre bliana ó shin, bhí an t-amhránaí ag iarraidh an banna a chur le chéile. Bhí seisean ag seinnt an giotár ó bhí sé an-óg ar aon nós agus bhí sé ag iarraidh banna a thosnú. Tharla sé seo uilig in Inis Mór Samhradh amháin. D'iarr sé orm féin an seinnt an dordgiotár leis. Ní raibh mé féin ach ag tosnú an dordgiotár ag an am sin. D'iarr sé ar Pheadar na drumáí a sheinnt. Sin mar a thosaigh muid ar dtús! Bhíodh muid ag déanamh covers ar dtús!

Síle: Céard iad na covers a bhíodh dá chasadh agaibh?

Eoin: *Knockin' on Heavens Door* agus U2. Bhíodh muid ag casadh go leor U2. Leonard Skynard, AC-DC agus rudaí mar sin. Thóg sé bliain orainn

sul má thosaigh muid ag scríobh ár n-amhráin féin, agus ansin dhá bhliain ó shin tháinig mo cholceathar Ciarán linn ag casadh an lead giotár.

Síle: An bhfuil amhráin i nGaeilge agaibh?

Eoin: Tá amhráin i nGaeilge againn, is dócha "Cupán Toast" an ceann is fearr a bheadh aithne ag daoine orainn mar gheall air! Tá muid faoi láthair ag taifead albam so beidh cupla amhrán Gaeilge ar sin. Beidh sé ar fáil i lár an tSamhraidh am éigin, ar *itunes* agus mar sin de.

Síle: Cé a scríobhann na hamhráin, cé aige a bheidh na royalties ar fad nuair a bheidh sibh cáiliúil?

Eoin: Bhuel is dócha go gcuirfear cheithre bhealach iad idir an ceathrar againn. Nuair a bhíonn muid ag scríobh amhrán, tosaíonn sé le duine éigin agus bíonn smaoineamh éigin acu b'fhéidir cupla focal nó píósín ceoil agus cuireann muid uilig rudaí éagsúla leis. Is *team effort* a bhíonn ann faoi dheireadh!

Síle: Tá sibh ag ceol le ceithre bliana - cé hiad cuid de na daoine ar chas sibh leo ó shin?

Eoin: An bhliain seo caite bhí an t-ádh linn, bhí na Coronas ag casadh ar an gCeathrú Rua cuireadh ceist orainn casadh ansin mar support act - agus bhí Beofest ar siúl ansin cupla mí ó shin agus sheinn muid ansin leis na "Hot House Flowers". Sheinn muid chomh maith ag féile Nós Úr in Albain, féile ceoil i dteangacha ceilteacha. Sheinn muid aige sin mar cineál "opening act".

Síle: Tá sibh ar fad fós sa meánscoil - an bhfuil sé deacair an chothromaíocht sin a choinneáil leis an gceol agus leis an obair scoile?

Eoin: Tá sé sách deacair. Tá mé féin agus Ciarán sa ceathrú bliain agus tá an bheirt eile san idirbhliain. Tá sé deacair amanta rudaí a eagrú agus mar gheall go bhfuil muid faoi 18 tá sé deacair gigeanna a fháil mar bíonn cuid is mó den gigeanna i bpubanna agus mar sin de so bíonn muid an-sásta aon gig a gheobhann muid, bíonn muid sásta seinnt ann.

Ach bíonn sé deacair seinnt le chéile mar go bhfuil muid i mblianta difriúla ag an scoil. An chéad bhliain eile ní bheidh muid chomh saor le rudaí a dhéanamh.

Síle: Céard é an rud is mó ar mhaith leat go mbainfeadh an grúpa amach?

Is dócha albam a dhéanamh agus dá síneadh comhlacht mór éigin muid!

Síle: Cé ar mhaith leat a bheith mar bhainisteoir agat?

Eoin: Fan go bhfeice mé

Síle: Simon Cowell?

Oh no, not a hope! Louis Walsh! fan amach uaidh an stuif sin ar fad! (Pop atá i gceist dár liom!) Nil fhios

agam leis an fhírinne a insint - EMI nó rud éigin mar sin b'fhéidir.

Síle: Beagáinín beag fút féin a Eoin... Cé hiad na daoine/tionchar ceoil a chuaigh i bhfeidhm ort nuair a thosaigh tú ar dtús?

Eoin: Thosaigh mé leis an bhfeadóg stáin nuair a bhí mé cúig bliana d'aois. Is ceol traidisiúnta a bhíodh mé ag éisteacht leis. Ní raibh mé ag éisteacht le mórán pop. Cuimhním bhíodh mé ag éisteacht leis an téip seo a bhíodh ag m'athair *The Cotton Mill Boys*, ceol tíre, ach is dócha an chéad bhanna a chuaigh i bhfeidhm orm ná *Queen* - thosaigh mé ag éisteacht leo sin nuair a bhí mé deich agus thosaigh mé ag ceannacht a gcuid albums.....agus sin mar a thosaigh mé! Cheannaigh mé giotár ina dhiaidh sin agus sin é!

Síle: Dá ndúiseofá amárach agus tú a bheith i gcorp aon cheoltóir nó amhránaí cé a bheadh ann?

Eoin: John Lennon cheapfainn. D'athraigh na *Beatles* an *music scene* uilig. Thaitneodh liom a bheith mar bhall de na *Beatles*- cé nach dtaitneodh liom a bheith ar nós Paul McCartney, caithfidh mé é a rá. Ní thaithíonn se liom mar

dhuine, ach taitníonn a chuid ceoil liom.

Síle: Dá mba rud é go bhféadfá a bheith ag aon cheolchoirm ar riamh a bhí ar siúl, cén ceolchoirm ar mba mhaith leat a bheith i láthair aige?

Live Aid cheapfainn. Thaitneodh liom a bheith ag Live Aid. Bheadh sé iontach.

Síle: Na Cd's is mó a bhfuil tú ag éisteacht leo faoi láthair?

Bruce Springsteen, Magic. Queen, A night at the Opera.

Síle: Dá mbeadh tú ar oileán leat féin agus gan cead agat a thabhairt leat ach trí cd. Céard a thabharfá leat?

Eoin: The Beatles, Love. Queen, Greatest Hits One agus System of a Down.

Tá The Temporary ar an idirlíon www.thetemporary.net

Beidh siad le cloisteáil ag féile an phléaráca an deireadh seachtaine seo, agus beidh an albam nua ar fáil i rith an tsamhraidh ó shiopaí ceirníní agus suíomh ceoil ar an t-idirlíon.



An Poitín Stil

Tigh Phádraig Joe Joe Mac an Iomaire

**An Lochán Beag, Indreabhán,
Co. na Gaillimhe
Fón: 091-593114**

Tá Míle Fáilte Romhat!

Nioclás Ó Conchubhair Teo.

Rogha agus Seirbhís den Scoth

Quality Choice Service

Leitirmóir, Co. na Gaillimhe
Fón: 091-551 114
Faics: 091-551 258

Casla, Co. na Gaillimhe
Fón: 091-506 111
Faics: 091-506 044

*Ábhar Tithíochta, Pluiméireacht, Leictreach,
Meaisín Níochán, Soirn, Crua Earraí, Péint & srl.*

COMHARCHUMANN INIS MEÁIN TEO

Inis Meáin, Árainn,
Cuan na Gaillimhe

Fón: (099) 73010
Faics: (099) 73052

R-phost: ccimeain@indigo.ie



*Bunaíodh Comharchumann Inis Meáin ar an 30ú Eanáir 1976.
Tá páirt lárnach ag an gComharchumann i saol laethúil phobail
an oileáin. Cuireann an Comharchumann réimse leathan
seirbhísí ar fáil, tá líon mór tograí curtha i gcrích acu
ó bhunaíodh iad i 1976.*



COMPLETE
LABORATORY
SOLUTIONS

Saotharlann Chonamara Teo
Ros Muc
Co. na Gaillimhe
Teil: 091-574355
Faics: 091-574356

info@cls.ie

www.completelabsolutions.com

Tigh Pheadair Mhóir

Banrach bán, Baile na hAbhann

Beár

Go n-éirí go geal leis an bPléaráca 2010

Lá Earraigh i Ros a' Mhíl

Céad slán leis an t-sean am
Leis an gcur 's an fheamainn bhuí
Na fir ag déanamh climíní
'S á dtarraingt isteach faoi thír.
Nuair a bhíodh an tEarrach déanta
'S roinnt ama acu saor
Bhainfí cupla leoraí feamainne
'S dhéantaí uirthi cupla pingin.
Bhí deireadh tagtha leis na laethanta úd
'S gan súil go bhfeicfí a léithéidí 'ríst
Ach tháinig g'árchéim eile sa saol seo
'S is maith ann arís í an fheamainn bhuí.
Ag dul thar Chuan Fhortaíl an lá cheana dom
Cheap mé go raibh mé ag brionglóidí
Nuiar a chonaic mé beirt leaids sa gCara
Cham
'S iad cromtha ag baint na feamainne buí.
Bhí beirt eile ins an Áth an lá sin
'S iad ag coimhlint leis an trá iad féin
Mar ní fhanann an taoille le aon fhear
Tapaigh do dheis nó bí gan caoi.
Ba mhór ee mo bhród seachtain ár gcionn
Ag breathnú ar chlimíní trasna an chuain
uaim
'S chuimhnigh mé ar an seandream
A bhíodh ag scálaíocht le taoille 's le trá.
Ach, fair play do na leaids óga
Nach bhfuil drogall orthu ná faitíos
Tabhairt faoi fheamainn 's faoi chladach
Nuair nach bhfuil a mhalairt oibre le fáil acu.
Go gcuirfidh Dia an t-ádh orthu 's go
gcumhdaigh sé a saothar leo
Á mairfeadh a nDeaideo nach é a bheadh
bródúil astu,
'S bheadh sé ansiúd ag inseacht an bealach
ceart dóibh
'S ag baint deataigh as a phíopa.

**Máirín Mhic Lochlainn
Feabhra 2009**

Johnny

Is iomaí fear ó aimsir ard
A leag a pheann ar phaipéar
Bhí fear amháin a thug leis an peann
Nár stop ag scríobh ann choíche

Chaith sé seal ag réiteach problems
Mar is neart a bhí ann faighte
Le Togha 's Rogha a chaith sé píosa
Is bhí cáil air i bhfad ina dhiaidh sin

Scríobh sé drámaí 's agallamh beirte
Ar neart a chuir sé an fonn gáire
Dán faoi ghalra, a bhí chomh greannmhar
sin,
Gur fhan sé i gcuimhne na ndaoine.

Chur sé drámaí ar siúl gach áit,
In Árainn, Bleá Cliath 's Gaillimh
Bhí an-tóir ar a dhramaí sin
Agus ba fhurasta an áit a líonadh

Chuir sé an Mini go domhain i bpothole
S'phléasc sé na rothaí tosach
Scríobh sé litir chuig RnaG
Ag clamhsán faoin gComhairle Contae!!

'Sé'n Galra Sciobthaí dar liom féin
An dán is fearr a scríobh Johnny
Bhí an greann go láidir ann
Chomh láidir is go ndeanfá caoineadh

Faraor géar tá an peann leagtha síos
Ag file, scríbhneoir 's gaeilgeoir
Déan dearmad ar do Oscar Wilde
Ní chuirfeá é fhéin ná Johnny i gcomparáid

**Seamus Ó Scanláin,
Coláiste Cholmcille, Indreabhán
(Bliain 6)**

Scríobh Séamus an dán seo le linn páirt a
ghlacadh i gCiorcal Scríbhneoirí Óga
Phléaráca.

Tá sé foilsithe sa leabhrán Tonnta Eile, ina
bhfuil saothar na ndaoine óga ar fad a ghlac
páirt sa gCiorcal. Seolfar Tonnta Eile i
Seanscoil Sailearna
ag 5.00 Dé hAoine 21 Bealtaine.



Thuas: Bríd Uí Dhiolúin (sa lár), An Teach Mór, ag caitheamh a seál.

Ar dheis:
Bríd Ní Dhiolúin (Bríd Jack Mháirtín) agus tuirne aice ag cardáil snáth, timpeall na tríochaidí.

Thíos:
(ó chlé) **Michil Ó Fatharta** as Clochar na gCon, **Tom Ó Flatharta (Tom Pheatsaí Thómais)** as Bóthar an Tula Fhada, Lochán Beag (Athair Mháirtín Tom Pheatsaí), **Seán Ó Cadhain** (Sheáinín Sheáin, Athair Johnny Sheáinín) as Lochán Beag Thiar.



AN GÚM
www.gaeilge.ie/angum



Gruaig Fhinn - €7.00

Le ceannach agus le hordú uathu seo:
An Siopa Leabhar (01) 478 3814
www.litriocht.com www.cic.ie
www.oideas-gael.com www.cuplafocal.ie
Is gá Costas Postais a fhiosrú

Áiseanna Bunscoile

LEABHAIR & CATALÓG NUA



Ag Taisteal le Tarlach sa Pholainn €10.50



Citi Cailleach - Leabhar Mór €12.50



Cá bhfuil tú, a Phádraig? €15



Puzal: Na Lochlannaigh €6.50

Foires na Gaeilge

www.gaelisceal.ie

Gaelisceal



Tairiscint Aonuaire

Suas le 42% lascaine ar fhógraí taispeántais

Tá pobal na Gaeilge láidir agus ag fás leis, ag áireamh cainteoirí dúchais sna ceantair tuaithe Gaeltachta; sna láithreacha láidir uirbeacha ar nós Baile Átha Cliath, Gaillimh, Corcaigh, Beal Feirste & Doire; scoileanna agus ollscoileanna; chomh maith le cainteoirí Gaeilge scaipthe ar fud na tíre agus an domhan.

Is feidir teagmháil a dhéanamh le:
Patricia Ní Chonghaile, Comhordaitheoir Táirgíochta
Fón Póca: +00353 86 0234251

Amharclann Chois Fharraige

Seanscoil Sailearna
Indreabhán
Co. na Gaillimhe

Fón: 091-593017
Facs: 091-593715

Ríomhphost: cst@eircom.net

SuperValu Indreabhán

Siopa an Phobail

Rogha an bhia do thogha na ndaoine

Coill Rua
Indreabhán
Co. na Gaillimhe

Fón 091 593020
Facs 091 593338

SuperValu
Real Food. Real People

An Clár Litríocht & Drámaíocht don Óige

LITRÍOCHT: (do pháistí óga) -

Léitheoireacht Bheartla Broc:
Bhí na leabharlanna agus scoileanna áitiúla páirteach sa togra seo. Ghlac na gasúir páirt i dTuras Leabhar na Réalt.

Scribhneoirí Cónaitheacha sna Bunscoileanna:

Is iad na scoileanna a bhí páirteach anseo i mbliana ná Scoil Ronáin, An Trá Bháin; Scoil Náisúnta Leitir Mealláin agus Scoil Náisúnta Chamuis. Is iad Gwen Uí Ghaora agus Máire Holmes a bhí i mbun áisitheoireachta.

(do dhéagóirí) - An Ciorcal Scribhneoireachta:

Páirteach i mbliana bhí Coláiste Cholmcille, Pobalscoil Charna, Scoil Chuimsitheach Chiaráin agus Coláiste Gobnaite.

Féile Litríochta Fuint Focal do dhéagóirí: Áras Éanna, Inis Oírr.

D'fhreastal 22 cuairteoir ar an bhféile seo as An Cheathrú Rua agus as Gaoth Dobhair, mar aon le cúpla scoláire ó Choláiste Gobnaite ar an oileán. D'éirigh an-mhaith leis an bhféile agus bhain na scoláirí an-taitneamh as na ceardlanna agus as an tsiamsaíocht. Tá borradh mór tagtha faoi Fuint Focal le dhá bhliain anuas agus an-suim ag na scoileanna ann.

Scribhneoireacht Amhrán: Scoil Chuimsitheach Chiaráin - Áisitheoir: Tadhg Mac Dhonnagáin.

Thosaigh Tadhg ag obair le grúpa sa scoil ag deireadh Mí

Feabhra agus tá síúil aige amhrán nó dhó a thaifead leo ag deireadh an tréimhse. Tá sé an-tógtha leis an ngrúpa atá aige. Tá ceoltóirí agus amhránaithe ina measc.

Féile Leabhar Bricíní:

D'éirigh go maith leis an bhFéile Leabhar Bricíní a heagraíodh roimh Nollaig 2009. D'éirigh an-mhaith leis na h-imeachtaí a bhí eagraithe thart ar dhíolachán na leabhair ach bhí díolachán síos go mór ón uair deireadh a bhí sé ann. Baineann sé seo le cursaí eacnamaíochta is dóigh, gach duine ag gearradh siar.

Club Léitheoireachta do dhéagóirí:

Coláiste Gobnaite, Inis Oírr - Máire Holmes.

DRÁMAÍOCHT:

An Club Drámaíochta:

Bunaíodh é seo ar éileamh ó thuismitheoirí Rosmuc. D'oibrigh na gasúir ar dhráma a chum siad féin agus chur siad ar stáitse do an tuismitheoirí é coicís ó shin. Is é John Keane as an gCeathrú Rua an áisitheoir a bhí ag obair leo.

Réaltóga - Drámaíocht sna Bunscoileanna:

Tá an-tóir ar an drámaíocht sna bunscoileanna le roinnt blianta anuas. Tá Pléaráca inn ann freastal a dhéanamh ar dheich scoil faoin gclár litríochta agus drámaíochta. Eagraíonn muid an Fhéile Drámaíochta Réaltóga ag deireadh na gceardlann agus tugtar cuireadh do chuide scoil a dul at stáitse. Bhí féile na

bliana seo ar siúl i Halla Éinne ar an gCeathrú Rua.

Traenáil Drámaíochta do Áisitheoirí:

D'eagraigh muid traenáil drámaíochta ag tús na bliana do dhaoine a mba spéis leo oibriú mar áisitheoirí drámaíochta. Bhí trúir acu seo ag áisitheoireacht ar an gclár litríochta.

Leabhar Léitheoireacht

Nuair a bhí mé ó léigh me leabhar,
A bhí faoi fear a bhí bodhar,
Chaith sé a shaoil ag tabhairt aire dhá ghabhar,
Dhá fhaire agus dhá bheathú gan cabhair.

Ba suimiúil an leabhar é gan bhréag,
Le léamh ag duine cheithre bliana déag,
Ba deacair í a fhagáil ar ghéag,
Ach coinneál ag léamh gan léig.

le Síle Ní Shuilleabháin,
Gairmscoil an bPiarsach (Bliain 2), Rosmuc.
Bhuach Síle an dara háit sa gComórtas Filíochta a eagraíobh mar chuid don Féile Leabhar Bricíní 2010



Oireachtas na Samhna 2010

CILL ÁIRNE

27 - 31 Deireadh Fómhair

NA COMÓRTAIS

(Do Dhaoine Óga & do Dhaoine Fásta)

Amhránaíocht ar an Sean-Nós

Rince Aonair ar an Sean-Nós

Lúibíní

Agallamh Beirte

Scéalaíocht

Dreas Cainte

Scoraíocht (Daoine Fásta)

Seó Ardáin (Daoine Óga)

Sceitse (Daoine Fásta)

Amhráin Nua-Chumtha

Faigheann
Oireachtas na Gaeilge
deontas



OIFIG AN OIREACTAIS 6 Sráid Fhearchair, Baile Átha Cliath 2

Fón: +353 1 475 3857 Facs: +353 1 475 87 67 www.oireachtasna-gaeilge.ie

Meta Uí Mháille

Scéalta Ó Sydney

Tá Meta Uí Mháille ag caitheamh tréimhse san Astráil faoi láthair. Seo roinnt scéalta uaithe

Bundúchasaigh

Siad bundúchasaigh na hAstráile is measa a d'íoc as teacht mhuintir na hEorpa. Meastar go mba thart ar 750,000 an daonra bundúchasach ag an am, "primitive natives" mar a thug said orthu nuair a bunaíodh an chóilíneacht Sasanach i Sydney i 1788. Díbríodh iad agus maraíodh go leor acu nuair a throid said ar ais. Éigníodh mná agus cailleadh go leor le galair a thug na daoine geala isteach. Scríosadh cuid mhaith de na 500 treabh, a gcultúr, a dteanga agus a slí mhaireachtála.

Chreid na bundúchasaigh gur leis an talamh na daoine agus nár cheart a thógáil ón talamh ach an méid a chothaíonn an duine. Faoi pholasaí a thug an rialtas isteach sna 1960aidí níor fágadh cearta ar bith ag na bundúchasaigh.

Is daoine eile a rinne cinneadh cén áit a bhféadfadh siad conaí agus cé a d'fhéadfadh said a phósadh. Tugadh uathu a gcuid páistí le tógáil i gcultúr na ndaoine geala, "The lost Generation" mar a tugtar anois orthu. Bhí na Sasanaigh den tuairim nach raibh na daoine seo in ann breathnú amach dóibh féin agus nárbh fhéidir oideachas a chur orthu. Bhí dream ann ar mba chrua leo cás na

mbundúchasach, a d'oibrigh leo ar na *Reservations* ina cuireadh iad agus ar na *Mission Stations*, agus bhí oideachas maith curtha ar an dream óg ag deireadh na 60aidí. Cuireadh polasaí na *reservations* ar ceal sna 1970aidí agus socraíodh aitheantas agus saoirse a thabhairt dóibh. Tugadh réimsí talún dóibh. Chuaigh cuid acu ag maireachtáil mar a bhíodh said, de réir a nadúir i gceantair gaineamhlaigh in iarthar agus i dtuaisceart na tíre, ag maireachtáil ar sú-craobh, luibheanna talún agus ag seilg kangaroo agus deirtear gur tháinig feabhas ar a sláinte. Le blianta tá an dream óg ag tabhairt a n-aghaidh ar na bailte móra. Tá droch choinníollacha maireachtála acu, drochthithe, ráta ard díghostaíochta, pá íseal agus easpa oideachais. Tá an méid páistí óga a fháigheann bás scanrúil, cé go bhfuil coras sláinte iontach san Astráil. Tá ól, drugaí agus beatha an lae inniu ag scríosadh a sláinte. Bhí mé ag caint le daoine a bhíodh nó atá ag obair leis na bundúchasaigh, tá siadsan den tuairim go bhfuil an

rialtas agus an chaoi a gcaitear leo ciontach as go leor de seo. Ní leor saoirse, aitheantas, talamh agus airgead a thabhairt anois mar chúiteamh ar an bhail a cuireadh orthu. Bheadh sé i bhfad níos fearr an t-airgead a chaitheamh ar oideachas, ar traenáil agus ar sheirbhísí a thabharfadh cúnamh dóibh feabhas a chur ar a saol féin. Níl an t-airgead agus an chaoi a gcaitheann siad é ach ag cur giorrú lena saol. Níl ach 200,000 de na fíor bundúchasaigh i measc an daonra de 20 milliún atá san Astráil. Ní fhaigheann tú deis casadh le mórán de na bundúchasaigh i Sydney ach tá an didgeridoo agus a gcuid ealaín le fáil go flúirseach sna siopaí atá dírithe ar thurasóirí. Meastú an mbíonn aon bhuntáiste ag an bpobal bundúchasach as?

Convicts – Hyde Park Barracks

I lár chathair Sydney, tá an *Hyde Park Barracks Museum*, áit a bhfuil eolas faoi na convicts a cuireadh amach as Éirinn agus as Sasana



nuair a bhunaigh an captaen Arthur Phillips cóilíneacht Sasanach i Sydney i 1788. Go dtí gur tógadh an beairic, ba i dtithe fóid san áit a dtugtar na Rocks air a bhíodh na priosúnaigh dá gcoinneáil. Idir 1791 agus 1853 cuireadh thart ar 26,500 Éireannach go New South Wales, pionós trom ar choireanna beaga. Tar éis Eirí Amach 1798 cuireadh go leor don dream a bhí páirteach ann go New South Wales. Bhí an-imní roimh an dream réabhlóideach seo a thaispeáin fuath agus gráin do na Sasanaigh. Is iomaí éirí amach a d'eagraigh said i gcoinne na Sasanach.

Sé an t-ailtire Francis Greenway a tharraing plan an Hyde Park Barracks, ba convict é féin a cuireadh amach as Sasana. Chaith 15,000 fear idir 1819 agus 1848, a dtéarma priosúin sa mbeairic ag obair don rialtas, ag déanamh bóithre, ag gearradh cloch, ag gearradh coille agus ag saothrú talún.

D'éirigh go maith le cuid acu, rud a bhí ag brath go mór ar an maistír a bhí acu. Ba go New South Wales a cuireadh an chuid is mó de na convicts Éireannach. D'éirigh go maith sa saol le go leor acu tar éis a saoirse fháil.

Scéim an Iarla Grey "The Irish Orphan Girls":

Sé an tréimhse de stair imirceoirí na linne sin is truamhéiligh ná scéal na mban a cuireadh chun na hAstráile idir 1848 agus 1850, "The Irish Orphan Girls" a tugadh orthu. Faoi scéim an Iarla Grey socraíodh na mílte daoine óga,

fir agus mná a thabhairt as Tithe na mBocht in Éirinn, a bhí ag cur thar maoil de bharr an ghorta, agus iad a chur amach go dtí an Astráil le n-oibriú mar chailíní aimsire agus oibrithe feirme. Ach mhol an coimisinéir for Colonial Lands i South Australia gur mná is mó a theastaigh, mar bhí ganntan mná san Astráil go mór mhór i gceantair iargúlta. Seoladh na mílte ban, cuid acu comh h-óg le 14 bliana d'aois as workhouses in Éirinn. Ní raibh oideachas ná traenáil orthu agus is beag acu a bhí in ann scríobh ná léamh. Chuir said futhú san Hyde Park Barracks nó gur hiráileadh amach iad go dtí depots i Sydney, Adelaide, Moreton Bay i Brisbane agus Port Phillip i Victoria. Pósadh iad le feirmeoirí agus le mianadóirí, bhí clanna mór acu, chaith siad saol crua anróiteach i mbailte mianadóireachta agus ar fheirmeacha i gceantair iargúlta. Fuair an chuid is mó acu bás go h-óg.

Idir 1848 agus 1850 thug 20 bád 4,114 dílleachta, mná óga as Éirinn go dtí an Astráil sul má cuireadh deireadh leis an scéim. Le linn cuairt an Uachtaráin Mary McAleese ar Hyde Park Barracks i 1997, nochtaigh sí leac i gcuimhne ar na "Irish Orphan Girls".

Bhí an beairic le leagan tamall blianta ó shoin ach chuir sliocht an dream a chaith píosa sa mbeairic ina choinne agus anois tá sé ar an músaem is fearr a bhfuil stair agus eolas ar fáil ann ar shaol agus ar shaothar na convicts agus na n-imirceoirí Éireannacha a raibh lámh acu i bhforbairt na hAstrála agus a

bhfuil na hÉireannaigh óga atá ag teacht inniu ag baint buntáiste as.

Teifigh

Cosúil leis na convicts agus na bundúchasaigh tá daoine ag fulaingt i gconaí.

Sé an scéala is mó sna meáin anseo i láthair na h-uaire ná an meadú mór atá ar líon na dteifeach atá dá gcoinneáil ar Christmas Island, oileán amach ó chósta thiar na hAstráile. Tugann báid cabhlaigh na hAstráile báid ar a mbíonn suas go dtí céad go leith teifeach i dtír anseo gach seachtain. Ar bord bíonn fir, mná agus gasúir as an Afganastáin, an Iaráic, Sri Lanka agus as an Indóinéis atá ag súil le saol níos fearr a dhéanamh dóibh féin san Astráil, má éiríonn leo cead fanacht a fháil. Níl an t-ionad ar an oileán feiliúnach ach do 800 duine agus anois tá 1,500 duine dá gcoinneáil anseo chomh maith le cupla céad atá ag cur futhú i gcampaí. Tá oibrithe sóisialta agus sagairt a bhíonn ag obair leis na teifigh buartha faoi an easpa spáis agus an t-achar ama a thógann sé iarratais na dteifeach a phróiseáil.

Imircigh an lae inniu

Is chun na hAstráile atá na hÉireannaigh ag tabhairt a n-aghaidh ina sluaite ó fuair rudaí go dona sa mbaile. Níor bhuail an cúlú eacnamaíochta chomh mór an Astráil is a bhuail sé tíortha eile. Lá'l Pádraig cheapfá nach raibh duine óg ar bith fágtha in Éirinn is a raibh acu i Hyde Park as gach contae in Éirinn. Mar a dúirt an dream as

Conamara a raibh mé ag caint leo an lá sin, ní ag leanúint na gréine ar saoire ná ag taisteal atá said ag teacht mar a bhí cupla bliain ó shoin, ach ar thóir oibre agus slí mhaireachtála, má éiríonn leo visa fháil le fanacht anseo nuair atá a dtréimhse bliana thuas. Sách díomach atá siad don rialtas in Éirinn agus is beag dóchas atá acu go bhfuil aon fheabhas le teacht go luath.

Bíonn uaigneas orthu i ndiaidh an bhaile go mór mhór a muintir agus a gcairde. Tá an dream a tháinig roinnt blianta ó shoin agus a d'fhan socraithe síos, pósta agus ag déanamh saol nua dóibh fhéin agus dá gclann. An rud is mó a choinníonn anseo iad a deireann said ar fad ná an aimsir agus an caighdeán maireachtála.

Níl an phá árd ach níl an costas maireachtála ard, taobh amuigh de chíos agus praghas tithe atá an-ard. Níl sé i bhfad ó cheap muid go raibh deireadh go deo le h-imirce, ach nach orainn a bhí an dul amú.

Banaltra í Gabrielle Ní Mháille a thug a beirt mhac, Kane agus Stephen go dtí an Astráil trí bliana go leith ó shoin. Tá sí ag obair in ospidéal i Mona Vale thart ar uair a chloig as Sydney. "Tá an job féin sách deacair, níl sé tada níos fearr ná mar a bhí sa mbaile" a deir sí, "ach tá an saol taobh amuigh de sin i bhfad níos fearr anseo. Tá daoine an-oscailte agus réidh le cúnamh a thabhairt duit. Tá sé níos éasca gasúir a thógáil anseo. Tá muid sách fada ón gcathair agus anseo ar na Northern Beaches tá gach

cineál caitheamh aimsire don dream óg, snámh, surfáil, leadóg srl. Tá an córas oideachais go maith agus rogha iontach ábhair, chomh maith leis na seirbhísí atá ar fáil taréis scoile. Tá an coras sláinte iontach anseo agus saor in aisce do gach duine. Tá cíos an-ard sa gceantar a bhfuil mise i mo chonaí i gcomparáid le h-áiteacha eile ach tá an áit fhéin go h-álainn, lán le tránna agus le páirceanna, tá muid gar do Palm Beach an áit a ndéantar an clár telifíse Home and Away. An rud is mó a airíonn mé uaim ná mo mhuintir agus mo chairde. Ní airím uaim an aimsir ach bíonn sé ag báisteach anseo freisin ó am go chéile. Tá an-mheas ar na hÉireannaigh anseo mar dhream a oibríonn go crua".

Meta Uí Mháille

An Spailpín Fánach
30 bliain ar an mbóthar

An Spailpín Fánach
Ceardlann an Spidéil
Conamara
091-553343

Priondail T-Léinte
agus Hoodies
www.tshirt.ie

www.spailpin.com

Aras Éanna

IONAD EALAÍONA INIS OÍRR

Inis Oírr, Co. na Gaillimhe

Fón: 099-75150

araseanna@eircom.net
www.araseanna.ie

CAOL DÍREACH...

go ceann scríbe!



**THE IRISH
LANGUAGE
SUPERHIGHWAY**

An Ghaeilge
The Irish Language

Foghlaim
Learning

Úsáid
Using

Eolaire
Directory

Foras na Gaeilge
Foras na Gaeilge

Ní gá dul amú a thuilleadh. Tá bealach glan romhat. Pé eolas atá uait faoin nGaeilge agus a mbaineann léi, éascóidh www.gaeilge.ie do thuras.

Féach go speisialta inneall fógraíochta NASC, áit gur féidir leat:

- cúrsa/ imeacht a fhógairt nó a iarraidh,
- do shainpéis a chlárú (chun nod a fháil nuair a bhíonn eolas nua faoi ar an sulomh), nó
- a bhfuil ar fáil i do cheantar féin a chuartú.

Tabhair cuairt agus glac páirt sa Chibear-ghaeltacht inniu!

No roundabouts here. Let the information superhighway take you where you want to go with the Irish language. Just log on to www.gaeilge.ie for the quickest route to the information you need.

Check out the NASC classified ads where you can:

- post an ad to request or advertise a course/ event,
- register your area of interest to get alerts when new info is posted, or
- search for what's available in your neighbourhood. And much more.

It's never been easier to connect with the Cyber-ghaeltacht!

gaeilge.ie

do nasc leis an teanga

your link to the language

 **Foras na Gaeilge**

T: 1850 325 325 / 0845 309 8142 (T.É.) R: eolas@forasnagaeilge.ie

Pléaráca Teo. Clár Forbartha Pobail (CDP)



Clár do Dhaoine Fásta

Ceardlanna Oíche agus Deireadh seachtaine do Fhíor agus do Mhná - Peintéireacht, Caoladóireacht, Fíodóireacht, Gloine Daite (Stained Glass), Potadóireacht agus Scríbhneoireacht Chruthaitheach le tacaíocht ó Choiste Gairmoideachais Chontae na Gaillimhe

Taispeántais Ealaíne de shaothar na gceardlann

Féile Phléaráca Chonamara - Féile bliantúil atá ar siúl ó 1991

An CyberCaifé - An Caifé Cabach

Seirbhís Leabharlainne le tacaíocht ó Leabharlann an Chontae

Ionad Seirbhísí Teanga le tacaíocht ó Údarás na Gaeltachta


Seirbhís Oifige agus Eolais don Phobal

Campa Samhraidh le tacaíocht ó an Roinn Gn.PT&G
Beidh an campa ar siúl ón 05 - 16 Iúil 2010.

Eolas: 091 - 574346

www.plearaca.ie





1994

Pádraic Tom Pholch
Ó Céannabháin



1995

Máirtín Tom Sheáinín
Mac Donncha



1996

Máire Bn. Uí Chonaola



1997

Máirín & Joe Steve
Ó Neachtáin



1998

Michael Mhaire
Ghabha



1999

Tom a' tSeolgha




2000

Breandán Ó Tuairiag



2001

Máire Welby




2002

Johnny Phadráig
Pheter Connolly



2003

Tomás Mac Eoin



2004

Séamus Ó Cualáin



2005

Coiste Choláiste Chumhneacháin an Phlarsaigh



2006

Eddie Sheartha Ó
Conghaile



2007

Treasa Ní Mhíoláin



2008

Sonal Cholm Learai
Ó Conghaile



Gradam Phléaráca 2009
Ord Malta Inis Meáin